Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0202(COD)

9.11.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679
(COM(2023)348 – C9-0231/2023 – 2023/0202(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Sergey Lagodinsky

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....125

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....127

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha nós imeachta breise a bhaineann le forfheidhmiú Rialachán (AE) 2016/679
(COM(2023)348 – C9-0231/2023 – 2023/0202(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)348),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0231/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú rianúil agus éifeachtach an tsásra comhair agus réitigh díospóidí dá	(2) Chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú rianúil agus éifeachtach an tsásra comhair agus réitigh díospóidí dá

bhforáiltear in Airteagail 60 agus 65 de Rialachán (AE) 2016/679, is gá rialacha a leagan síos maidir le stiúradh imeachtaí ag na húdaráis mhaoirseachta i gcásanna trasteorann, agus ag an mBord le linn réiteach díospóidí, lena n-áirítear gearáin trasteorann a láimhseáil. Is gá freisin, ar an gcúis sin, rialacha a leagan síos maidir le feidhmiú an chirt éisteacht a fháil ó na páirtithe atá faoi imscrúdú sula nglacfaidh údaráis mhaoirseachta agus, de réir mar a bheidh, an Bord cinntí.	bhforáiltear in Airteagail 60 agus 65 de Rialachán (AE) 2016/679, is gá rialacha a leagan síos maidir le stiúradh imeachtaí ag na húdaráis mhaoirseachta i gcásanna trasteorann, agus ag an mBord le linn réiteach díospóidí, lena n-áirítear gearáin trasteorann a láimhseáil. Is gá freisin, ar an gcúis sin, rialacha a leagan síos maidir le feidhmiú an chirt éisteacht a fháil ó na páirtithe sula nglacfaidh údaráis mhaoirseachta agus, de réir mar a bheidh, an Bord cinntí. ***Is é is aidhm don Rialachán seo, ar an gcaoi sin, an ceart chun dea-riaracháin a chosaint mar a chumhdaítear in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'). Chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus forálacha an Rialacháin seo á gcur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis cosanta sonraí uile gníomhú ar bhealach neamhchlaonta agus neamhspleách agus i gcomhréir leis an smacht reachta, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.***
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Ní rialaítear leis an Rialachán seo ná le Caibidil VII de Rialachán (AE) 2016/679 ach gnéithe áirithe den nós imeachta comhair, nuair a bhíonn údaráis mhaoirseachta i níos mó ná Ballstát amháin rannpháirteach sa nós imeachta. Níl feidhm ag an Rialachán seo nuair a thaisceann páirtí gearán go díreach le príomhúdarás maoirseachta i mBallstát eile.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) Ba cheart feidhm a bheith ag dlí nós imeachta gach Ballstáit maidir leis na húdaráis mhaoirseachta sa mhéid nach ndéantar ábhar a chomhchuibhiú leis an Rialachán seo. I gcomhréir le tosaíocht dhlí an Aontais, níor cheart d'údaráis mhaoirseachta an dlí nós imeachta náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil sé ag teacht salach ar an Rialachán seo agus ar Rialachán (AE) 2016/679. Níor cheart an comhar i measc na n-údarás maoirseachta a theorannú mar gheall ar dhifríochtaí sa dlí náisiúnta nós imeachta.

Or. en

Réasúnú

Tá an togra ón gCoimisiún bunaithe ar choincheap an chomhchuibhithe iomláin, ach rialaítear ábhair amhail úsáid teangacha, fianaise, finnéithe agus araon i nósanna imeachta náisiúnta. Déanfar an t-ábhar sin a shoiléiriú leis na hAirteagail nua 1a agus 2a go 2c.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun go mbeidh sé inghlactha, ba cheart faisnéis shonraithe áirithe a bheith i ngearán. ***Dá bhrí sin, chun cabhrú le gearánaigh na fíorais is gá a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta, ba cheart foirm ghearáin a chur ar fáil. Níor cheart an fhaisnéis a shonraítear ar an***	(4) Chun go mbeidh sé inghlactha, ba cheart faisnéis shonraithe áirithe a bheith i ngearán. Níor cheart aon fhaisnéis bhreise a éileamh chun go measfaí gearán a bheith inghlactha. ***I gcás nach gcomhlíonann gearán na híoscheanglais, ba cheart don údarás maoirseachta é a dhiúltú agus an***

bhfoirm a éileamh ach amháin i gcásanna de phróiseáil trasteorann de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 cé go bhféadfadh údaráis mhaoirseachta an fhoirm a úsáid i gcásanna nach mbaineann le próiseáil trasteorann. Is féidir an fhoirm a sheoladh isteach go leictreonach nó tríd an bpost. Ba cheart tíolacadh na faisnéise a liostaítear san fhoirm sin a bheith ina choinníoll chun go ndéileálfaí le gearán a bhaineann le próiseáil trasteorann mar ghearán dá dtagraítear in Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2016/679. Níor cheart aon fhaisnéis bhreise a éileamh chun go measfaí gearán a bheith inghlactha. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith in ann taisceadh gearán i bhformáid leictreonach atá áisiúil don úsáideoir a éascú agus aird á tabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a theastaíonn ón ngearánach don fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhfoirm agus nach bhfuil aon fhaisnéis bhreise de dhíth chun an gearán a fháil inghlactha.

gearánach a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis atá in easnamh. Is féidir leis an ngearánach ansin gearán iomlán a chur isteach arís. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta a bheith in ann taisceadh gearán i bhformáid leictreonach atá áisiúil don úsáideoir a éascú agus aird á tabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart an fhoirm a bheith éigeantach, mar ní bheidh a fhios ag go leor gearánaithe ar dtús más cás trastíre atá i gceist nó nach ea. D'fhéadfaí teorainn mhíchuí a chur le rochtain ar údaráis le foirm éigeantach. Ina ionad sin, ba cheart an fhaisnéis íosta a thabhairt isteach.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá sé d'oibleagáid ar údaráis mhaoirseachta cinneadh a dhéanamh maidir le gearáin laistigh de thréimhse ama réasúnta. Braitheann an tréimhse ama réasúnach ar imthosca gach cáis agus, go	(5) Tá sé d'oibleagáid ar údaráis mhaoirseachta cinneadh a dhéanamh maidir le gearáin laistigh de thréimhse ama réasúnta. Braitheann an tréimhse ama réasúnach ar imthosca gach cáis agus, go

háirithe, ar chomhthéacs an cháis, ar na céimeanna nós imeachta éagsúla a leanann an príomhúdarás maoirseachta, ar iompar na bpáirtithe le linn an nós imeachta agus ar chastacht an cháis.	háirithe, ar chomhthéacs an cháis, ar na céimeanna nós imeachta éagsúla a leanann an príomhúdarás maoirseachta, ar iompar na bpáirtithe le linn an nós imeachta agus ar chastacht an cháis. ***Ceanglaítear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus le hAirteagail 41 agus 47 den Chairt ré réasúnta fhoriomlán nósanna imeachta. Ós rud é go n-áirítear leigheasanna breithiúnacha faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679 leis sin, níor cheart, de ghnáth, go dtógfadh nósanna imeachta os comhair údarás maoirseachta níos mó ná naoi mí, mura dtagann imthosca eisceachtúla chun cinn. Foráiltear leis an Rialachán seo go gcuirfear síneadh leis na teorainneacha ama i gcás moilleanna nó cuir isteach nach bhfuil aon smacht ag an bpríomhúdarás maoirseachta orthu.***

Or. en

Réasúnú

Tá an tréimhse naoi mí bunaithe ar dhlíthe atá ann cheana (a éilíonn 3-12 mhí de ghnáth) agus tá gá leo go hoibiachtúil freisin, nuair a thugtar cuntas ar achomhairc faoi Airteagal 78 (go minic 2-3 "leibhéal" sna Ballstáit). Cuirtear le chéile é mar ghnáthfhad ar an meán chun a aithint go bhféadfadh cásanna eisceachtúla a bheith níos faide.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Rialaítear an idirghníomhaíocht dhíreach idir údaráis mhaoirseachta na mBallstát agus na páirtithe leis an dlí nós imeachta náisiúnta, sa mhéid nach bhfuil tosaíocht ag Rialachán (AE) 2016/679, ag an Rialachán seo ná ag dlí an Aontais. I gcás idirghníomhaíocht indíreach príomhúdaráis mhaoirseachta le páirtí trí údarás maoirseachta eile, ba cheart

feidhm a bheith ag dlí nós imeachta an údaráis deiridh sin maidir le haon idirghníomhaíocht dhíreach leis an bpáirtí. I gcomhréir le hAirteagal 56(6) de Rialachán (AE) 2016/679, tá sé de cheart ag gearánach cumarsáid a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis agus leis an údarás sin amháin. Ní chuireann sé sin cosc ar an ngearánach cumarsáid dhíreach a dhéanamh le húdarás maoirseachta eile, lena n-áirítear an príomhúdarás maoirseachta, a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla.

Or. en

Réasúnú

Leanann an Coimisiún coincheap an chomhchuibhithe iomláin. Leis sin, ardaítear an cheist cé acu dlíthe nós imeachta lena rialaítear gnéithe nach bhfuil comhchuibhithe go hiomlán. Nasctha le hAirteagal 2a (nua)

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar íoscheanglais nósanna imeachta cothroma agus éifeachtúla i ngach cás trasteorann, lena n-áirítear i mBallstáit nach bhfuil aon dlí náisiúnta nós imeachta códaithe iontu, leagtar síos sa Rialachán rialacha atá infheidhme go díreach bunaithe ar Airteagal 41 den Chairt.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh na híoschaighdeáin comhoiriúnach den chuid is mó leis na dlíthe náisiúnta nós imeachta atá ann cheana. Sna Ballstáit nach bhfuil nós imeachta códaithe acu, is mó an deimhneacht dhlíthiúil a cheadaítear leis na híoschaighdeáin sin. Nuair nach bhfuil

dlíthe náisiúnta comhoiriúnach, beidh forlámhas ag an Rialachán seo. Nasctha le hAirteagal 2a (nua)

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5c) Ceanglaítear le hAirteagal 6 de CECD agus le hAirteagal 47 den Chairt go mbeidh nósanna imeachta cothroma poiblí. Foráiltear le hAirteagal 42 den Chairt agus le dlí go leor Ballstát don cheart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid phoiblí agus do thrédhearcacht ghníomhaíochtaí na n-údarás. Mar sin féin, i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis an údarás maoirseachta a mbíonn an páirtí ag idirghníomhú go díreach leo, ba cheart é a bheith indéanta srianta atá fíor-riachtanach agus comhréireach a chur i bhfeidhm maidir le faisnéis atá faoi chosaint an dlí a nochtadh nó a úsáid tuilleadh, amhail sonraí pearsanta nó rúin trádála a chosnaítear faoi Threoir (AE) 2016/943[1a] D'fhéadfaí plé inmheánach agus cinnteoireacht an údaráis a áireamh leis sin. Ba cheart na bearta is lú cur isteach a chur i bhfeidhm, amhail teorainn a chur le húsáid faisnéise nó dubhú faisnéise. Ba cheart a chur in iúl do pháirtithe i gcónaí gur coinníodh faisnéis siar uathu, agus cén fáth.
	[1a] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj)

Or. en

Réasúnú

An ceart chun nósanna imeachta cothroma (=poiblí) agus an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a réiteach leis an ngá rúin trádála agus cinnteoireacht inmheánach na n-údarás a chosaint. Nasctha le hAirteagal 2b (nua).

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5d) Bainistíonn an príomhúdarás maoirseachta an cás i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2016/679 agus lena dhlí nós imeachta náisiúnta, agus é ag comhoibriú go hiomlán le húdaráis mhaoirseachta eile ag an am céanna. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta eile aon fhaisnéis ábhartha agus a dtuairimí a chur ar fáil don phríomhúdarás maoirseachta. Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta struchtúr a chur ar an gcás ar bhealach éifeachtúil agus caoithiúil agus lánaird á tabhairt ar thuairimí údarás maoirseachta eile.

Or. en

Réasúnú

Tá an LSA i gceannas ar an gcás a bhainistiú, agus cuireann na SAanna eile an t-eolas ar fad ar fáil agus ní mór dóibh a bheith rannpháirteach. Nasctha le hAirteagal 2c (nua).

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5e) Féadfaidh údaráis mhaoirseachta

tús a chur le nósanna imeachta breise freisin, mar shampla i gcás sáruithe sistéamacha nó atriallacha. Níor cheart, áfach, go mbeadh aon chur isteach ar chearta na bpáirtithe mar thoradh air sin. Níor cheart moill a chur ar nósanna imeachta gearáin agus níor cheart teorainn a chur le ceart na bpáirtithe éisteacht a fháil nuair a osclaíonn údarás maoirseachta nós imeachta ex officio maidir leis an ábhar céanna.

Or. en

Réasúnú

Chun "seachbhóthar ex officio" ó roinnt údarás a sheachaint, i gcás ina n-aistrítear eisiúint an ghearáin isteach i nós imeachta 'ex officio', gan rannpháirtíocht an ghearánaigh.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5f) Ba cheart do gach údarás maoirseachta teanga amháin nó níos mó a shainiú a nglacann sé léi chun faisnéis a fháil ó údaráis mhaoirseachta eile. Ba cheart "teanga chomhair" chomhpháirteach bhreise a shainiú, ar teanga í nach mór do na húdaráis mhaoirseachta uile glacadh léi le haghaidh faisnéis atá ag teacht isteach nó dul amach. I gcás leigheasanna breithiúnacha, ba cheart é a bheith de dhualgas ar an údarás maoirseachta a dtugtar leigheas breithiúnach ina choinne na doiciméid ábhartha uile a aistriú go dtí na teangacha ábhartha a glacadh leo.

Or. en

Réasúnú

Faoi láthair is é an Béarla an teanga chomhpháirteach, bunaithe ar rialacha IMI. Ní

shainmhínítear é sin sa dlí, ach is cosúil go nglactar leis agus gur leor é i bhformhór na gcásanna. Ba cheart é sin a chódú. Nasctha le hAirteagal 2d.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Déanfar gach gearán a láimhseálann údarás maoirseachta de bhun Airteagal 57(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2016/679 a imscrúdú le gach dícheall cuí a mhéid is iomchuí agus é á chur san áireamh nach mór gach úsáid a bhainfidh an t-údarás maoirseachta as cumhachtaí a bheith iomchuí, riachtanach agus comhréireach d'fhonn comhlíonadh Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú. ***Is faoi lánrogha gach údaráis inniúil atá sé cinneadh a dhéanamh maidir lena mhéid ba cheart gearán a imscrúdú.*** Agus measúnú á dhéanamh acu ar a mhéid is iomchuí imscrúdú a dhéanamh, ba cheart é a bheith d'aidhm ag údaráis mhaoirseachta réiteach sásúil a thabhairt don ghearánach, nach gá gur gá imscrúdú uileghabhálach a dhéanamh ar na heilimintí dlíthiúla agus fíorasacha uile a eascraíonn as an ngearán, ach a sholáthraíonn leigheas éifeachtach tapa don ghearánach. D'fhéadfaí a chur in iúl don mheasúnú ar mhéid na mbeart imscrúdaitheach is gá a thromchúisí atá an sárú líomhnaithe, cineál sistéamach nó atriallach an tsáraithe, nó an fíoras, de réir mar a bheidh, gur bhain an gearánach leas freisin as a chearta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2016/679.	(6) Déanfar gach gearán a láimhseálann údarás maoirseachta de bhun Airteagal 57(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2016/679 a imscrúdú le gach dícheall cuí a mhéid is iomchuí agus é á chur san áireamh nach mór gach úsáid a bhainfidh an t-údarás maoirseachta as cumhachtaí a bheith iomchuí, riachtanach agus comhréireach d'fhonn comhlíonadh Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú. Agus measúnú á dhéanamh acu ar a mhéid is iomchuí d'imscrúdú, ba cheart é a bheith mar aidhm ag údaráis mhaoirseachta réiteach sásúil a chur ar fáil don ghearánach, lena gceanglaítear imscrúdú a dhéanamh ar na gnéithe dlíthiúla agus fíorasacha ábhartha uile a eascraíonn as an ngearán, chun a áirithiú gur féidir cinneadh a dhéanamh go comhpháirteach agus gur féidir leigheas éifeachtach tapa a thabhairt don ghearánach go tapa. ***Tá pleanáil an nós imeachta tábhachtach chun toradh tapa a chinntiú.*** Níor cheart d'údaráis mhaoirseachta tagairt a dhéanamh do na cearta faoi Airteagal 79 de Rialachán (AE) 2016/679 mar chúis leis an imscrúdú ar ghearán a theorannú. ***Chun comhlíonadh Airteagal 47 den Chairt a áirithiú, ba cheart cinneadh inchomhairc a bheith mar thoradh ar ghearán a láimhseáil i gcónaí. Ach amháin má tharraingítear siar gearán, níor cheart go bhféadfaí gearáin a dhúnadh ná a fhoirceannadh ar shlí eile gan cinneadh a dhéanamh.***

Or. en

Réasúnú

Go dtí seo, chuir an aithris bac ar fhorfheidhmiú teoranta agus ar dhiscréid na n-údarás gan gníomhú. Leasaíodh é sin chun a áirithiú go gcuirtear béim ar an dualgas atá orthu gníomhú.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta an fhaisnéis is gá maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe a chur ar fáil don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán chun críche nuashonruithe a chur ar fáil don ghearánach.	(7) Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta cianrochtain ar an toirt a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta ar cháschomhad comhpháirteach ina bhfuil doiciméid ábhartha uile an cháis, lena n-áirítear an fhaisnéis inmheánach nó rúnda uile mar aon le haistriúchán ar na doiciméid uile go dtí an teanga chomhair. ***Ina theannta sin, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta eile a chur ar an eolas go gníomhach faoi athruithe móra a bhféadfadh gníomhaíocht a bheith ag teastáil ina leith go luath nó aird níos mó a thabhairt orthu.***

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagail 2c, 8

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart don údarás inniúil maoirseachta rochtain a thabhairt don ghearánach ar na doiciméid ar dá mbun a tháinig an t-údarás maoirseachta ar	(8) Ba cheart don údarás maoirseachta inniúil cianrochtain ar an gcáschomhad comhpháirteach a thabhairt do na páirtithe, cé is moite de dhoiciméid fholaithe agus

réamhchonclúid maidir le diúltú go hiomlán nó go páirteach don ghearán.

plé inmheánach.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ionas gur féidir leis na húdaráis mhaoirseachta deireadh a chur go tapa le sáruithe ar Rialachán (AE) 2016/679 agus réiteach tapa a chur ar fáil do ghearánaigh, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta féachaint, i gcás inarb iomchuí, le gearáin a réiteach trí shocrú cairdiúil. Ní chuireann an fíoras gur réitíodh gearán aonair trí shocrú cairdiúil cosc ar an údarás inniúil maoirseachta cás ex officio a shaothrú, mar shampla i gcás sáruithe sistéamacha nó atriallacha ar Rialachán (AE) 2016/679.	(9) Ionas go mbeidh údaráis mhaoirseachta in ann deireadh a chur go tapa le sáruithe ar Rialachán (AE) 2016/679 agus réiteach tapa a thabhairt do ghearánaigh, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann féachaint, i gcás inarb iomchuí, le gearáin a réiteach trí réiteach cairdiúil idir na páirtithe. ***Níor cheart do na húdaráis mhaoirseachta a chur faoi deara go mbeadh láimhseáil gearáin ag brath ar rannpháirtíocht i bpróiseas socraíochta cairdiúil.*** Ba cheart go mbeadh socraíochtaí in ann a bheith i bhfoirm conartha idir na páirtithe faoin dlí is infheidhme, ach níor cheart go mbeidís ina gceangal ar na húdaráis. Ní chuireann an fíoras gur réitíodh gearán aonair trí shocrú cairdiúil cosc ar an údarás inniúil maoirseachta cás ex officio a shaothrú, mar shampla i gcás sáruithe sistéamacha nó atriallacha ar Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtiocfadh na húdaráis mhaoirseachta ar	(11) Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtiocfaidh na húdaráis mhaoirseachta ar

chomhthoil maidir le príomhghnéithe an imscrúdaithe a luaithe is féidir agus sula gcuirfí líomhaintí in iúl do na páirtithe atá faoi imscrúdú agus sula nglacfaí an dréachtchinneadh dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679, rud a laghdódh líon na gcásanna a chuirfí faoi bhráid an tsásra um réiteach díospóidí in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 agus, ar deireadh, a d'áiritheodh réiteach tapa ar chásanna trasteorann.	chomhthoil maidir le príomhghnéithe an cháis trí achoimre ar na príomh-shaincheisteanna agus trí bharúlacha maidir leis an achoimre sin a luaithe is féidir agus sula nglacfar an dréachtchinneadh dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679, rud a laghdóidh líon na gcásanna a chuirtear faoi bhráid an tsásra um réiteach díospóidí in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 agus a áiritheoidh ar deireadh réiteach tapa ar chásanna trasteorann.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart an comhar idir údaráis mhaoirseachta a bheith bunaithe ar idirphlé oscailte lenar féidir le húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tionchar fóinteach a bheith acu ar chúrsa an imscrúdaithe trína dtaithí agus a dtuairimí a roinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta, agus aird chuí á tabhairt ar an gcorrlach le haghaidh lánrogha atá ag gach údarás maoirseachta, lena n-áirítear sa mheasúnú ar a mhéid is iomchuí chun cás a imscrúdú, agus ar thraidisiúin éagsúla na mBallstát. Chun na críche sin, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta achoimre ar phríomh-shaincheisteanna ina leagtar amach a réamhthuairim ar na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú a chur ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann. Ba cheart é a chur ar fáil ag céim sách luath chun gur féidir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a chuimsiú go héifeachtach ach ag an am céanna ag céim ina bhfuil tuairimí an phríomhúdaráis maoirseachta maidir leis an gcás aibí go	(12) Ba cheart an comhar idir údaráis mhaoirseachta a bheith bunaithe ar idirphlé oscailte lenar féidir le húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann tionchar fóinteach a bheith acu ar chúrsa an imscrúdaithe trína dtaithí agus a dtuairimí a roinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta. Chun na críche sin, ba cheart don údarás maoirseachta ar taisceadh gearán leis nó a éilíonn gníomhaíocht ex-officio achoimre a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna ina leagtar amach a réamhthuairim ar na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú. ***I ngach cás eile, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a dhréachtú. Ba cheart an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a bheith mar chuid den cháschomhad comhpháirteach, agus ba cheart gur doiciméad beo í a thugann an príomhúdarás maoirseachta cothrom le dáta le linn an nós imeachta.*** Ba cheart é a chur ar fáil ag céim luath go leor chun go bhféadfaí na húdaráis

leor. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a mbarúlacha a thabhairt maidir le raon leathan ceisteanna, amhail raon feidhme an imscrúdaithe agus sainaithint measúnuithe casta fiorasacha agus dlíthiúla. Ós rud é go gcinntear le raon feidhme an imscrúdaithe na hábhair lena n-éilítear imscrúdú ag an bpríomhúdarás maoirseachta, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta féachaint le comhthoil a bhaint amach a luaithe is féidir maidir le raon feidhme an imscrúdaithe.

mhaoirseachta lena mbaineann a chur san áireamh go héifeachtach. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a mbarúlacha a chur ar fáil maidir le haon nuashonrú ar an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna. Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta na barúlacha a chomhlíonadh a mhéid is féidir nó iad a dhiúltú. ***I gcás diúltú, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann aon díospóid a ardú leis an mBord.*** Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthoil a luaithe is féidir maidir le raon feidhme an imscrúdaithe.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ar mhaithe le comhar ionchuimsitheach éifeachtach idir na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann agus an príomhúdarás maoirseachta, ba cheart barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann a bheith gonta agus i dtéarmaí a bheadh soiléir agus beacht go leor ionas go mbeidh siad sothuigthe do na húdaráis mhaoirseachta uile. Ba cheart na hargóintí dlíthiúla a ghrúpáil trí thagairt a dhéanamh don chuid den achoimre ar phríomh-shaincheisteanna lena mbaineann siad. ***Féadfar barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann a fhorlíonadh le doiciméid bhreise. Mar sin féin, ní leor tagairt amháin i mbarúlacha údaráis mhaoirseachta lena mbaineann do dhoiciméid fhorlíontacha a bheith ann in éagmais na n-argóintí bunriachtanacha sa dlí nó i bhfíoras ar cheart a bheith sna barúlacha. Ba cheart***	(13) Ar mhaithe le comhar cuimsitheach éifeachtach idir na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann agus an príomhúdarás maoirseachta, ba cheart aon doiciméad a thíolacfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus na páirtithe a bheith gonta agus an fhoclaíocht a bheith iontu i dtéarmaí atá soiléir agus beacht go leor ionas go mbeidh siad sothuigthe do na húdaráis mhaoirseachta uile. ***Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann teorainn a chur le fad na n-aighneachtaí ó na páirtithe.*** Ba cheart na hargóintí dlíthiúla a ghrúpáil trí thagairt a dhéanamh don chuid den achoimre ar phríomh-shaincheisteanna lena mbaineann siad.

na sonraí bunúsacha dlíthiúla agus fíorasacha a bhfuiltear ag brath orthu i ndoiciméid den sórt sin a léiriú, i bhfoirm achomair ar a laghad, ar bhealach comhleanúnach agus intuigthe sa bharúil féin.

Or. en

Réasúnú

Chun "seoladh turscair" a sheachaint ag cuideachtaí móra atá in acmhainn do ghnólachtaí dlí na mílte leathanach a chur isteach. Tá an riail cosúil leis na rialacha nós imeachta atá os comhair CBAE, áit a bhfuil na haighneachtaí teoranta go rialta do 20 nó 30 leathanach.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) I gcásanna nach n-ardaíonn saincheisteanna conspóideacha, ní gá plé forleathan idir na húdaráis mhaoirseachta chun teacht ar chomhthoil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí déileáil leo ar bhealach níos tapúla. I gcás nach n-ardóidh aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta na réamhthorthaí dá bhforáiltear in Airteagal 14 a chur in iúl laistigh de 9 mí.	(14) I gcásanna nach n-ardaítear saincheisteanna conspóideacha, ní gá plé forleathan idir na húdaráis mhaoirseachta chun teacht ar chomhthoil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí déileáil leo ar bhealach níos tapúla. I gcás nach n-ardóidh aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta na réamhthorthaí dá bhforáiltear in Airteagal 14 a chur in iúl laistigh de thrí mhí tar éis an spriocdháta le haghaidh barúlacha.

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagal 9(6).

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta leas a bhaint as na modhanna uile is gá chun teacht ar chomhthoil de mheon an chomhair dhílis agus éifeachtaigh. Dá bhrí sin, má tá dibhéirseacht sa tuairim idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus an príomhúdarás maoirseachta maidir le raon feidhme imscrúdaithe atá bunaithe ar ghearáin, lena n-áirítear forálacha Rialachán (AE) 2016/679 a ndéanfar a shárú a imscrúdú, nó i gcás ina mbaineann barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann le hathrú tábhachtach ar an measúnú casta dlíthiúil nó teicneolaíoch, ba cheart don údarás lena mbaineann na huirlisí dá bhforáiltear faoi Airteagail 61 agus 62 de Rialachán (AE) 2016/679 a úsáid.	(15) Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta leas a bhaint as gach modh is gá chun teacht ar chomhthoil de mheon an chomhair dhílis agus éifeachtaigh. Dá bhrí sin, má tá éagsúlacht tuairime idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus an príomhúdarás maoirseachta maidir le raon feidhme nó saincheisteanna nós imeachta cáis, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann an t-ábhar a ardú go tapa leis an mBord Ba cheart don Bhord a bheith in ann na cinntí nós imeachta is gá a dhéanamh.

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagal 26a (nua).

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Mura gcuireann úsáid na n-uirlisí sin ar chumas na n-údarás maoirseachta teacht ar chomhthoil maidir le raon feidhme imscrúdaithe atá bunaithe ar ghearáin, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta cinneadh ceangailteach práinneach a iarraidh ón mBord faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE)	***scriosta***

2016/679. Chun na críche sin, ba cheart a thoimhdiú go bhfuil ceanglas práinne ann. Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta teacht ar chonclúidí iomchuí ó chinneadh ceangailteach práinneach an Bhoird chun críocha réamhthorthaí. Ní féidir le cinneadh ceangailteach práinneach an Bhoird teacht roimh thoradh imscrúdú an phríomhúdaráis maoirseachta ná roimh éifeachtacht chearta na bpáirtithe atá faoi imscrúdú chun éisteacht a fháil. Go háirithe, níor cheart don Bhord raon feidhme an imscrúdaithe a leathnú ar a thionscnamh féin.

Or. en

Réasúnú

Tá cinntí práinneacha faoi Airteagal 66(3) RGCS teoranta do neamhghníomhaíocht DPA. Ina ionad sin, ba cheart go bhféadfadh an Bord cinntí nós imeachta a dhéanamh i gcás gach cineál díospóidí nós imeachta. Nasctha le hAithris (15).

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Chun é a chur ar a chumas don ghearánach a cheart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fheidhmiú faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don údarás maoirseachta atá ag diúltú go hiomlán nó go páirteach do ghearán é sin a dhéanamh trí bhíthin cinneadh a bhféadfaí agóid a dhéanamh ina aghaidh os comhair cúirt náisiúnta.	(17) Chun é a chur ar chumas an ghearánaigh a ceart nó a cheart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fheidhmiú faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart cinneadh a d'fhéadfaí agóid a dhéanamh ina choinne os comhair cúirte náisiúnta a bheith mar thoradh ar láimhseáil aon ghearáin.

Or. en

Réasúnú

Chun a chinntiú nach bhfuil cásanna "dúnta" nó "a mheastar a bheith tarraingthe siar" agus araon gan cinneadh soiléir ar féidir achomharc a dhéanamh ina choinne.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ba cheart go mbeadh an deis ag gearánaigh a gcuid tuairimí a chur in iúl sula ndéantar cinneadh a bhfuil drochthionchar aige orthu. Dá bhrí sin, i gcás ina ndiúltófar go hiomlán nó go páirteach do ghearán i gcás trasteorann, ba cheart an deis a bheith ag an ngearánach a thuairimí a chur in iúl sula dtíolacfar dréachtchinneadh faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679, dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679 nó cinneadh ceangailteach ón mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. Féadfaidh an gearánach rochtain a iarraidh ar an leagan neamhrúnda de na doiciméid ar a bhfuil an cinneadh diúltú go hiomlán nó go páirteach don ghearán bunaithe.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá ceart ginearálta ann éisteacht a fháil sula ndéantar cinneadh, rud a fhágann gur féidir deireadh a chur leis an ngá atá le "dréachtchinntí". Dá bhrí sin scriostar Airteagal 11 freisin. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin teorainn leis an ngá atá le páipéarachas trí nósanna imeachta ina ndéantar "dréacht den dréacht" arís agus arís eile.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar roinnt na bhfreagrachtaí idir an príomhúdarás	(19) Is gá soiléiriú a dhéanamh ar roinnt na bhfreagrachtaí idir an príomhúdarás

maoirseachta agus an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán i gcás ina ndiúltófar gearán i gcás trasteorann. Mar phointe teagmhála don ghearánach le linn an imscrúdaithe, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán tuairimí an ghearánaigh a fháil maidir leis an diúltú atá beartaithe don ghearán agus ba cheart dó a bheith freagrach as gach cumarsáid leis an ngearánach. Ba cheart gach cumarsáid den sórt sin a roinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta. Ós rud é, faoi Airteagal 60(8) agus (9) de Rialachán (AE) 2016/679, go bhfuil sé de fhreagracht ar an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an cinneadh críochnaitheach lena ndiúltaítear an gearán a ghlacadh, ba cheart an fhreagracht a bheith ar an údarás maoirseachta sin freisin as an dréachtchinneadh a ullmhú faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679.	maoirseachta agus an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán i gcás ina ndiúltófar gearán i gcás trasteorann. Mar phointe teagmhála don ghearánach le linn an imscrúdaithe, ba cheart don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán a bheith freagrach as gach cumarsáid leis an ngearánach. Ba cheart gach cumarsáid den sórt sin a roinnt leis an bpríomhúdarás maoirseachta. Ós rud é, faoi Airteagal 60(8) agus (9) de Rialachán (AE) 2016/679, go bhfuil sé de fhreagracht ar an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an cinneadh críochnaitheach lena ndiúltaítear an gearán a ghlacadh, ar cinneadh é nach mór dó a dhlí nós imeachta náisiúnta a chomhlíonadh, ba cheart don údarás maoirseachta sin a bheith rannpháirteach freisin ag an bpríomhúdarás maoirseachta, agus an dréachtchinneadh faoi Airteagal 60(3) agus aon chinneadh críochnaitheach faoi Airteagal 60(7) go (9) de Rialachán (AE) 2016/679 á ullmhú aige.

Or. en

Réasúnú

Dhéanfadh togra COM an GDPR a athscríobh, mar is léir go mbaineann an dréachtú leis an LSA. Molaimid a thabhairt chun suntais nach mór don CSA lenar comhdaíodh an gearán an cinneadh deiridh a eisiúint agus, dá bhrí sin, nach mór dó a bheith rannpháirteach sa dréachtú, chun a áirithiú nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne go héasca os comhair cúirte náisiúnta.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun go gcosnófar go héifeachtach an ceart chun dea-riaracháin agus na cearta chun cosanta mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’), lena n-áirítear ceart	(21) Chun coimirciú éifeachtach a dhéanamh ar an gceart chun dea-riaracháin, agus ar na cearta chun cosanta, mar a chumhdaítear sa Chairt, lena n-áirítear an ceart atá ag gach duine éisteacht a fháil,

gach duine éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart aonair a dhéanfadh dochar dó, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le rialacha soiléire maidir le feidhmiú an chirt sin.	sula ndéanfar aon bheart aonair a dhéanfadh dochar dó nó di, tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh do rialacha soiléire maidir le feidhmiú an chirt sin do gach páirtí lena mbaineann i gcás.
	Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Leis na rialacha maidir leis an nós imeachta riaracháin arna chur i bhfeidhm ag údaráis mhaoirseachta agus Rialachán (AE) 2016/679 á fhorfheidhmiú, ba cheart a áirithiú go mbeidh an deis ag na páirtithe atá faoi imscrúdú go héifeachtach a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras, na n-agóidí agus na n-imthosca a chuir an t-údarás maoirseachta chun cinn le linn an nós imeachta, rud a chuirfidh ar a gcumas a gcearta cosanta a fheidhmiú. Leagtar amach sna réamhthorthaí an réamhsheasamh maidir leis an sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 tar éis imscrúdú a dhéanamh. Dá bhrí sin, is cosaint nós imeachta bhunriachtanach iad lena n-áirithítear go n-urramaítear an ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart na doiciméid is gá a sholáthar do na páirtithe atá faoi imscrúdú chun iad féin a chosaint go héifeachtach agus chun barúlacha a dhéanamh maidir leis na líomhaintí a dhéantar ina gcoinne, trí rochtain a fháil ar an gcomhad riaracháin.	(22) Leis na rialacha maidir leis an nós imeachta riaracháin arna chur i bhfeidhm ag údaráis mhaoirseachta agus Rialachán (AE) 2016/679 á fhorfheidhmiú, ba cheart a áirithiú go mbeidh an deis ag na páirtithe go héifeachtach a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras, na n-agóidí agus na n-imthosca a chuir an t-údarás maoirseachta chun cinn le linn an nós imeachta, rud a chuirfidh ar a gcumas a gcearta cosanta a fheidhmiú. Leagtar amach sna réamhthorthaí an réamhsheasamh maidir leis an sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 tar éis imscrúdú a dhéanamh. Dá bhrí sin, is cosaint nós imeachta bhunriachtanach iad lena n-áirithítear go n-urramaítear an ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart na doiciméid is gá a sholáthar do na páirtithe chun a gcás a dhéanamh go héifeachtach agus chun barúil a thabhairt ar na líomhaintí a rinneadh, trí rochtain a fháil ar chomhad an cháis chomhpháirtigh.
	Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) ***Sainítear sna réamhthorthaí raon feidhme an imscrúdaithe agus, dá bhrí sin, raon feidhme aon chinnidh chríochnaithigh a dhéanfar amach anseo (de réir mar a bheidh, ar bhonn cinneadh ceangailteach arna eisiúint ag an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/679) a fhéadfar a dhíriú ar rialaitheoirí nó ar phróiseálaithe.*** Ba cheart na réamhthorthaí a chur in iúl i dtéarmaí, fiú má tá siad gonta, go bhfuil siad sách soiléir chun a chur ar chumas na bpáirtithe atá faoi imscrúdú cineál an tsáraithe líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint i gceart. Comhlíontar an oibleagáid an fhaisnéis uile is gá a thabhairt do na páirtithe atá faoi imscrúdú ionas go mbeidh siad in ann iad féin a chosaint i gceart mura líomhnaítear leis an gcinneadh críochnaitheach go ndearna na páirtithe atá faoi imscrúdú sáruithe seachas na sáruithe sin dá dtagraítear sna réamhthorthaí agus nach gcuireann sé san áireamh ach fíorais a raibh deis ag na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl ina leith. Ní gá, áfach, go mbeadh cinneadh críochnaitheach an phríomhúdaráis maoirseachta ina mhacasamhail de na réamhthorthaí. Ba cheart cead a thabhairt don phríomhúdarás maoirseachta sa chinneadh deiridh freagairtí na bpáirtithe atá faoi imscrúdú ar na réamhthorthaí a chur san áireamh, agus, i gcás inarb infheidhme, an dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, agus cinneadh lena réitítear an díospóid idir na húdaráis mhaoirseachta faoi Airteagal 65(1), pointe (a). Ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta a bheith in ann a mheasúnú féin a dhéanamh ar na fíorais agus ar na	(23) Ba cheart na réamhthorthaí a chur in iúl i dtéarmaí, fiú má tá siad gonta, go bhfuil siad sách soiléir chun a chur ar chumas na bpáirtithe cineál an tsáraithe líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint i gceart. Comhlíontar an oibleagáid an fhaisnéis uile is gá a thabhairt do na páirtithe chun a gceart chun éisteacht a fháil mura líomhnaíonn an cinneadh críochnaitheach go ndearna na páirtithe atá faoi imscrúdú sáruithe seachas na sáruithe dá dtagraítear sna réamhchinntí agus nach gcuirtear san áireamh ach fíorais a raibh deis ag na páirtithe a dtuairimí a chur in iúl ina leith. Ní gá, áfach, go mbeadh cinneadh críochnaitheach an phríomhúdaráis maoirseachta ina mhacasamhail de na réamhthorthaí. Ba cheart cead a bheith ag an bpríomhúdarás maoirseachta sa chinneadh críochnaitheach freagairtí na bpáirtithe ar na réamhchinntí a chur san áireamh, agus, i gcás inarb infheidhme, an dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, agus an cinneadh ón mBord lena réitítear an díospóid idir na húdaráis mhaoirseachta faoi Airteagal 65(1), pointe (a) den Rialachán sin. Ba cheart go mbeadh an príomhúdarás maoirseachta in ann a mheasúnú féin a dhéanamh ar na fíorais agus ar na cáilíochtaí dlíthiúla arna gcur chun cinn ag na páirtithe chun na hagóidí a thréigean i gcás ina gcinnfidh an t-údarás maoirseachta go bhfuil siad gan bhunús nó chun a argóintí a fhorlíonadh agus a athdhréachtú, i bhfíoras agus i ndlí araon, chun tacú leis na hagóidí atá á gcoimeád aige.

cáilíochtaí dlíthiúla arna gcur chun cinn ag na páirtithe atá faoi imscrúdú chun na hagóidí a thréigean i gcás ina gcinnfidh an t-údarás maoirseachta go bhfuil siad gan bhunús nó chun a argóintí a fhorlíonadh agus a athdhréachtú, i bhfíoras agus i ndlí araon, chun tacú leis na hagóidí atá á gcoimeád aige. ***Mar shampla, agus argóint arna cur chun cinn ag páirtí atá faoi imscrúdú le linn an nós imeachta riaracháin á cur san áireamh, gan deis a bheith tugtha dó tuairim a chur in iúl ina leith sin sula nglacfar an cinneadh críochnaitheach, ní féidir leis an argóint sin a bheith ina shárú ar chearta cosanta per se.***

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ba cheart ceart éisteachta a thabhairt do na páirtithe atá faoi imscrúdú sula dtíolactar dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó sula nglacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach de bhun Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679.	(24) Ba cheart ceart éisteachta a thabhairt do na páirtithe sula dtíolactar dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 nó sula nglacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach de bhun Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Ba cheart an deis a thabhairt do	(25) Ba cheart an deis a thabhairt do

ghearánaigh baint a bheith acu leis na himeachtaí arna dtionscnamh ag údarás maoirseachta d'fhonn saincheisteanna a bhaineann le sárú féideartha ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint nó a shoiléiriú. Má tá tús curtha ag údarás maoirseachta cheana féin le himscrúdú maidir le hábhar an ghearáin nó má dhéileálafaidh sé leis an ngearán in imscrúdú ex officio tar éis an gearán a fháil, ní chuireann sé sin bac ar cháilíocht an ábhair sonraí mar ghearánach. ***Mar sin féin, ní hionann nós imeachta sáraíochta idir an gearánach agus na páirtithe atá faoi imscrúdú agus imscrúdú arna dhéanamh ag údarás maoirseachta ar shárú a d'fhéadfadh rialaitheoir nó próiseálaí a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2016/679. Is nós imeachta é a chuir údarás maoirseachta tús leis, ar a thionscnamh féin nó ar bhonn gearáin, i gcomhlíonadh a chúraimí faoi Airteagal 57(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Dá bhrí sin, níl na páirtithe atá faoi imscrúdú agus an gearánach sa staid nós imeachta chéanna agus ní féidir leis an ngearánach an ceart chun éisteacht chóir a fháil a agairt nuair nach ndéanann an cinneadh dochar dá sheasamh dlíthiúil. Ní féidir le rannpháirtíocht an ghearánaigh sa nós imeachta i gcoinne na bpáirtithe atá faoi imscrúdú dochar a dhéanamh do cheart na bpáirtithe sin éisteacht a fháil.***	ghearánaigh baint a bheith acu leis na himeachtaí arna dtionscnamh ag údarás maoirseachta d'fhonn saincheisteanna a bhaineann le sárú féideartha ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint nó a shoiléiriú. Má tá tús curtha ag údarás maoirseachta cheana féin le himscrúdú maidir le hábhar an ghearáin nó má dhéileálafaidh sé leis an ngearán in imscrúdú ex officio tar éis an gearán a fháil, ní chuireann sé sin bac ar cháilíocht an ábhair sonraí mar ghearánach.
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart an deis a thabhairt do na gearánaigh tuairimí ar na réamhthorthaí a chur isteach i scríbhinn. Níor cheart rochtain a bheith acu, áfach,	***scriosta***

ar rúin ghnó nó ar fhaisnéis rúnda eile de chuid páirtithe eile atá rannpháirteach sna himeachtaí. Níor cheart go mbeadh gearánaigh i dteideal rochtain ghinearálaithe a bheith acu ar an gcomhad riaracháin.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Agus spriocdhátaí á leagan síos do pháirtithe atá faoi imscrúdú agus do ghearánaigh chun a dtuairimí maidir le réamhthorthaí a chur ar fáil, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta aird a thabhairt ar chastacht na saincheisteanna a ardaíodh sna réamhthorthaí, d'fhonn a áirithiú go mbeidh deis leordhóthanach ag na páirtithe atá faoi imscrúdú agus ag gearánaigh a dtuairimí maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh a chur ar fáil go fóinteach.	(27) Agus spriocdhátaí á leagan síos agus fad na n-aighneachtaí á theorannú ag páirtithe chun a dtuairimí maidir le réamhthorthaí a chur ar fáil, ba cheart d'údaráis mhaoirseachta aird a thabhairt ar chastacht na saincheisteanna a tarraingíodh anuas i réamhchinntí, chun a áirithiú go mbeidh deis leordhóthanach ag na páirtithe a dtuairimí a chur ar fáil go fóinteach maidir leis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. ***Níor cheart nósanna imeachta atá rófhada a bheith mar thoradh air sin, áfach.***

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Is éard atá i gceist leis an malartú tuairimí sula nglacfar dréachtchinneadh idirphlé oscailte agus malartú fairsing tuairimí inar cheart do na húdaráis mhaoirseachta a lándícheall a dhéanamh chun teacht ar chomhthoil maidir leis an	***scriosta***

mbealach chun cinn in imscrúdú. Os a choinne sin, maidir leis an easaontas a cuireadh in iúl in agóidí ábhartha réasúnaithe de bhun Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679, ar easaontas é lena n-ardaítear an fhéidearthacht maidir le réiteach díospóidí idir údaráis mhaoirseachta faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 agus lena gcuirtear moill ar ghlacadh cinnidh chríochnaithigh ag an údarás maoirseachta inniúil, ba cheart dó teacht chun cinn i gcás eisceachtúil ina dteipfeadh ar údaráis mhaoirseachta teacht ar chomhthoil agus i gcás inar gá léirmhíniú comhsheasmhach ar Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú. Ba cheart agóidí den sórt sin a úsáid go tíosach, nuair a bhíonn ábhair a bhaineann le forfheidhmiú comhsheasmhach Rialachán (AE) 2016/679 i mbaol, ós rud é go gcuirtear an leigheas don ábhar sonraí siar le gach úsáid a bhaintear as agóidí ábhartha agus réasúnaithe. Ós rud é gur cheart raon feidhme an imscrúdaithe agus na fíorais ábhartha a chinneadh sula gcuirfear na réamhthorthaí in iúl, níor cheart do na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann na hábhair sin a tharraingt anuas in agóidí ábhartha réasúnaithe. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann iad a tharraingt anuas, áfach, ina mbarúlacha maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna de bhun Airteagal 9(3), sula gcuirfear réamhthorthaí in iúl do na páirtithe atá faoi imscrúdú.

Or. en

Réasúnú

Déantar teorainn mhíchuí a chur leis na roghanna atá ag na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agóid a dhéanamh. D'fhéadfadh rialaitheoirí iad a úsáid i gcoinne CSAanna e.g. urghairí a chomhdú i gcoinne agóidí.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ar mhaithe leis an nós imeachta um réiteach díospóidí a thabhairt i gcrích go héifeachtúil agus go hionchuimsitheach, i gcás inar cheart go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta uile in ann a dtuairimí a thabhairt agus aird á tabhairt ar na srianta ama le linn réiteach díospóidí, ba cheart go gcomhlíonfadh foirm agus struchtúr na n-agóidí ábhartha réasúnaithe ceanglais áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart agóidí ábhartha réasúnaithe a bheith teoranta d'fhad forordaithe, ba cheart go sainaithneofaí go soiléir leo an t-easaontas leis an dréachtchinneadh agus ba cheart iad a bheith i bhfoclaíocht i dtéarmaí atá soiléir, comhleanúnach agus beacht go leor.	(29) Ar mhaithe leis an nós imeachta um réiteach díospóidí a thabhairt i gcrích go héifeachtúil agus go hionchuimsitheach, i gcás inar cheart go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta uile in ann a dtuairimí a thabhairt agus aird á tabhairt ar na srianta ama le linn réiteach díospóidí, ba cheart go gcomhlíonfadh foirm agus struchtúr na n-agóidí ábhartha réasúnaithe ceanglais áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart go sainaithneofaí go soiléir le hagóidí ábhartha agus réasúnaithe an t-easaontas leis an dréachtchinneadh agus ba cheart an fhoclaíocht a bheith iontu i dtéarmaí atá soiléir, comhleanúnach agus beacht go leor.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Déantar foráil maidir le rochtain ar an gcomhad riaracháin mar chuid de na cearta chun cosanta agus an ceart chun dea-riaracháin a chumhdaítear sa Chairt. Ba cheart rochtain ar an gcomhad riaracháin a thabhairt do na páirtithe atá faoi imscrúdú nuair a thugtar fógra dóibh faoi réamhthorthaí agus ba cheart an spriocdháta chun a bhfreagra i scríbhinn ar na réamhthorthaí a chur isteach a leagan síos.	(30) Déantar foráil maidir le rochtain ar an gcáschomhad comhpháirteach mar chuid den cheart chun dea-riaracháin atá cumhdaithe sa Chairt. Ba cheart rochtain ar an gcáschomhad comhpháirteach a thabhairt do na páirtithe.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Agus rochtain á tabhairt acu ar an gcomhad riaracháin, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú go gcosnófar rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile. Áirítear i gcatagóir na faisnéise rúnda eile aon fhaisnéis seachas rúin ghnó, a d'fhéadfaí a mheas mar fhaisnéis rúnda, a mhéid a dhéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar suntasach do rialaitheoir, do phróiseálaí nó do dhuine nádúrtha. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann a iarraidh ar pháirtithe atá faoi imscrúdú a thíolacann nó a thíolaic doiciméid nó ráitis faisnéis rúnda a shainaithint.	(31) Agus rochtain á tabhairt acu ar an gcáschomhad comhpháirteach, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú go ndéanfar rúin ghnó agus faisnéis rúnda eile a chosaint. Áirítear i gcatagóir faisnéise rúnda eile faisnéis seachas rúin ghnó, a bhféadfaí a mheas gur faisnéis rúnda í, a mhéid a dhéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar suntasach do rialaitheoir, do phróiseálaí nó do dhuine nádúrtha nó dlítheanach. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta a bheith in ann a iarraidh ar pháirtithe atá faoi imscrúdú a thíolacann nó a thíolaic doiciméid nó ráitis faisnéis rúnda a shainaithint.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Agus ábhar á tharchur chuig réiteach díospóidí faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Bhord chun a chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht agóidí ábhartha réasúnaithe agus an cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. A luaithe a gheobhaidh an Bord na doiciméid uile is gá a liostaítear in Airteagal 23, ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird tarchur an ábhair a chlárú de réir	(33) Agus ábhar á tharchur chuig réiteach díospóidí faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don phríomhúdarás maoirseachta an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Bhord chun a chur ar a chumas measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht agóidí ábhartha réasúnaithe agus an cinneadh a dhéanamh de bhun Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679. A luaithe a gheobhaidh an Bord na doiciméid uile is gá a, ba cheart don Bhord tarchur an ábhair a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 65(2) de Rialachán

bhrí Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679.	(AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Ní thagraítear d'Airteagail sna hAithrisí, toisc go bhfuil na hAithrisí ceaptha a bheith ina gcúis leis na hAirteagail níos déanaí.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart an cinneadh ceangailteach ón mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 a bheith bainteach go heisiach le hábhair as ar eascair an réiteach díospóide agus ba cheart é a dhréachtú ar bhealach lena gceadaítear don phríomhúdarás maoirseachta a chinneadh críochnaitheach a ghlacadh ar bhonn chinneadh an Bhoird agus a lánrogha á coinneáil aige ag an am céanna.	(34) Ba cheart baint a bheith ag cinneadh ceangailteach an Bhoird faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 go heisiach le hábhair as ar eascair an réiteach díospóide agus ba cheart é a dhréachtú i dteanga shoiléir bheacht, rud a chuirfidh ar chumas an phríomhúdaráis mhaoirseachta a chinneadh críochnaitheach a ghlacadh ar bhonn chinneadh an Bhoird.

Or. en

Réasúnú

Tá cinntí an Bhoird maidir le réiteach díospóidí ceangailteach ar na húdaráis.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le tuairimí práinneacha agus cinntí ceangailteacha práinneacha ón mBord a ghlacadh faoi	(36) Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le tuairimí práinneacha agus cinntí ceangailteacha práinneacha ón mBord a ghlacadh faoi

Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679, is gá rialacha nós imeachta a shonrú maidir le huainiú na hiarrata ar thuairim phráinneach nó ar chinneadh ceangailteach práinneach, maidir leis na doiciméid atá le cur faoi bhráid an Bhoird agus ar cheart don Bhord a chinneadh a bhunú orthu, maidir le cé chuige ar cheart tuairim nó cinneadh an Bhoird a chur, agus maidir le hiarmhairtí thuairim nó chinneadh an Bhoird.	Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679, is gá rialacha nós imeachta a shonrú maidir le huainiú na hiarrata ar thuairim phráinneach nó ar chinneadh ceangailteach práinneach, maidir leis na doiciméid atá le cur faoi bhráid an Bhoird agus ar cheart don Bhord a chinneadh a bhunú orthu, maidir le cé chuige ar cheart tuairim nó cinneadh an Bhoird a chur, agus maidir le hiarmhairtí thuairim nó chinneadh an Bhoird. ***Ba cheart gach beart féideartha laistigh de chumhachtaí na n-údarás maoirseachta, de bhun Airteagal 58 den Rialachán sin, a áireamh sna bearta sealadacha, de bhun Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679.***

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 120.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) I gcás nach mbeidh an Bord in ann an t-ábhar a chinneadh, tar éis a phléití, toisc nach bhfuil an cáschomhad comhpháirteach agus faisnéis eile arna soláthar ag an bpríomhúdarás maoirseachta iomlán, ba cheart don Bhord a bheith in ann tuilleadh faisnéise a iarraidh ar na páirtithe nó ar na húdaráis mhaoirseachta, nó imscrúduithe fíorasacha breise a dhéanamh.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36b) Ba cheart go mbeadh an Bord in ann cúraimí áirithe a tharmligean chuig roghchoiste amháin nó níos mó, ar féidir a bheith comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird nó de chomhaltaí na rúnaíochta dá dtagraítear in Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart go bhféadfadh an tarmligean sin aon chúram faoi Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2016/679, cinntí faoi Airteagail 65 agus 66 de Rialachán (AE) 2016/679 nó feidhmeanna an Bhoird faoin Rialachán seo a áireamh, amhail gnáthchúraimí nó gnáthchinntí is gá a dhéanamh gan mhoill, lena n-áirítear aon chinntí nós imeachta.

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagail 26a (nua), 26b (nua).

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(36c) Ba cheart an ceart a bheith ag an ngearánach leigheas breithiúnach a fháil i gcás nach n-úsáideann údarás maoirseachta a chumhachtaí nó nach ndéanann sé an ghníomhaíocht is gá a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2016/679 ar shlí eile. Ina theannta sin, ba cheart an ceart a bheith ag na páirtithe gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne an phríomhúdaráis mhaoirseachta i gcás**

neamhghnímh nó nósanna imeachta atá rófhada. Chun a áirithiú nach mbeidh aon bhearna forfheidhmiúcháin ann, ba cheart an chumhacht a thabhairt do na páirtithe sa chás agus do na heagraíochtaí faoi Airteagal 80(1) de Rialachán (AE) 2016/679 leigheas breithiúnach a lorg ar mhaithe le leas an phobail mura gcomhlíonfaidh údarás maoirseachta cinneadh ón mBord.

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagal 26c (nua).

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug siad tuairim chomhpháirteach an [ ],	(38) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug siad tuairim chomhpháirteach an ***19 Meán Fómhair 2023***,

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil I – Roinn 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Roinn 1
	Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ábhar	Ábhar ***agus raon feidhme***

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha nós imeachta maidir le gearáin a láimhseáil agus imscrúduithe a dhéanamh i gcásanna atá bunaithe ar ghearáin agus ex officio ag údaráis mhaoirseachta i bhforfheidhmiú trasteorann Rialachán (AE) 2016/679.	Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha nós imeachta maidir le gearáin a láimhseáil agus maidir le himscrúduithe a dhéanamh i gcásanna atá bunaithe ar ghearáin agus ex officio ag údaráis mhaoirseachta a bhaineann le próiseáil trasteorann de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta EDPB — ní shainmhínítear "forfheidhmiú trasteorann" in RGCS. EDPB, réamhrá, lch.7.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cásanna faoi Rialachán (AE) 2016/679 a bhaineann le próiseáil trasteorann den sórt sin, aon uair a bhíonn údaráis

	mhaoirseachta de chuid níos mó ná Ballstát amháin rannpháirteach sa chás, chomh maith le leigheasanna breithiúnacha gaolmhara.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tá feidhm ag Airteagal 26c den Rialachán seo freisin maidir le cásanna os comhair údarás maoirseachta de chuid aon Bhallstáit amháin.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní chuirtear cosc leis an Rialachán seo ar na Ballstáit ábhair nós imeachta a shonrú nach rialaítear leis an Rialachán seo ná le Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn ‘páirtithe atá faoi	(1) ciallaíonn ‘páirtí atá faoi imscrúdú’

imscrúdú' an rialaitheoir nó na rialaitheoirí agus/nó an próiseálaí nó na próiseálaithe a imscrúdaítear mar gheall ar shárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a bhaineann le próiseáil trasteorann;	an rialaitheoir nó na rialaitheoirí agus/nó an próiseálaí nó na próiseálaithe a cúisíodh i leith sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679, nó a ndearnadh imscrúdú air ina leith;

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) ciallaíonn 'gearánach' an t-ábhar sonraí nó an comhlacht, eagraíocht nó comhlachas neamhbhrabúsach a bhfuil gearán taiscthe aige nó aici faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 155.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) ciallaíonn 'páirtí' an páirtí nó na páirtithe atá faoi imscrúdú, an gearánach nó na gearánaigh agus aon tríú páirtí sa chás ina bhforáiltear dó sin faoi dhlí an Bhallstáit;

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1c) ciallaíonn 'dlí nós imeachta náisiúnta' dlíthe nó rialacha eile an Bhallstáit lena rialaítear an nós imeachta os comhair údarás maoirseachta;

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1d) ciallaíonn 'nós imeachta gearán' nós imeachta sáraíochta lena gcinntear gearán faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1e) ciallaíonn 'nós imeachta ex officio' imscrúdú ar ghníomhaíochtaí duine nádúrtha nó dlítheanaigh, údaráis phoiblí, gníomhaireachta nó comhlachta eile a thionscnaítear ar thionscnamh ó údarás maoirseachta faoi Airteagal 57(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/279;

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1f) ciallaíonn 'plé inmheánach' aon réamhthuairim, aon tuairim, aon bharúil nó aon mhalartú laistigh de na húdaráis mhaoirseachta nó den Bhord nó eatarthu, amhail achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, barúlacha ar an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, dréachtchinntí nó agóidí ábhartha réasúnaithe faoi Airteagal 60(3) go (5) de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1g) ciallaíonn 'cáschomhad comhpháirteach' comhad leictreonach tiomnaithe le haghaidh aon chás ar leith, arna bhainistiú ag an bpríomhúdarás maoirseachta, ina ndéantar gach doiciméad, aighneacht, meamram agus faisnéis eile a bhaineann le cás a stóráil agus a chur ar fáil go cianda d'údaráis mhaoirseachta agus do pháirtithe sa chás;

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Roinn 2 (nua) – Airteagal 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Roinn 2
	Rialacha nós imeachta
	Airteagal 2a
	An dlí nós imeachta is infheidhme
	(1) Sa bhreis ar an Rialachán seo, agus i gcás nach bhfuil sé ag teacht salach ar an Rialachán seo, rialófar le dlí nós imeachta is infheidhme údaráis mhaoirseachta na hidirghníomhaíochtaí díreacha uile idir an t-údarás maoirseachta sin agus na páirtithe os a chomhair. Agus an dlí náisiúnta nós imeachta á chur i bhfeidhm, féachfaidh na húdaráis mhaoirseachta le rannpháirtíocht na bpáirtithe uile a éascú, lena n-áirítear páirtithe atá bunaithe nó a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile.
	(2) Rialaítear le Rialachán (AE) 2016/679 agus leis an Rialachán seo an idirghníomhaíocht idir údaráis mhaoirseachta na mBallstát éagsúil laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo.
	(3) Tá sé de cheart ag aon ghearánach cumarsáid a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis de bhun Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2016/679, agus leis an údarás sin amháin.
	(4) Ní chuirfear srian ná toirmeasc ar idirghníomhú ná ar chomhroinnt faisnéise idir údaráis mhaoirseachta ná idir údaráis mhaoirseachta agus an Bord faoin dlí náisiúnta. Ní dhéanfar comhar faoin Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2016/679 agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialachán sin a theorannú, a mhoilliú ná a dhiúltú bunaithe ar dhifríochtaí i ndlíthe nós imeachta náisiúnta.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b – teideal (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2b
	Íoschaighdeáin Nós Imeachta

Or. en

Réasúnú

Ag eascairt as Airteagal 6 CECD agus Airteagal 41 CFR, mar a dheimhnigh CBAE i gCás C-277/11.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b – mír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1) Gan dochar do chearta breise faoin dlí nós imeachta náisiúnta ábhartha, beidh an ceart chun an méid seo a leanas ar a laghad ag gach páirtí:
	(a) go láimhseálfar a gcás go neamhchlaonta agus go cothrom, agus go gcaithfear go cothrom leo, fiú má bhíonn siad os comhair údaráis mhaoirseachta éagsúla i ndlínsí éagsúla ("nós imeachta cothrom agus comhionannas arm");
	(b) éisteacht a fháil sula ndéanfar aon bheart a dhéanfadh dochar don pháirtí, lena n-áirítear sula nglacfar an cinneadh gearán a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach nó diúltú do ghearán ("ceart chun éisteacht a fháil");
	(c) rochtain a bheith acu ar an gcáschomhad comhpháirteach, ach amháin ar aon phlé inmheánach

("trédhearcacht nós imeachta");

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2) Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta éisteacht do na páirtithe nuair a thiocfaidh saincheisteanna nua chun cinn le linn na nósanna imeachta faoi Airteagal 60, Airteagal 65 nó Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Féach Airteagal 18(a)(a). D'áiritheofaí leis sin, dá ndéanfadh CSA saincheisteanna nua a thabhairt suas i "agóid réasúnaithe", go n-éistfí fós leis na páirtithe — ach amháin más amhlaidh an cás, ní mar mhainneachtain sna "gnáthchásanna" uile.

EDPB , mír 92

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3) Arna iarraidh sin ag páirtí nó ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh údarás maoirseachta teorainn a chur leis na cearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 chun cearta daoine eile a aithnítear go dlíthiúil a chosaint nó chun leas an phobail a chosaint. Beidh aon teorainn den sórt sin i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme faoi Airteagal 2a(1) maidir le haon

idirghníomhaíocht dhíreach idir údarás maoirseachta agus an páirtí a fhaigheann faisnéis theoranta. Soláthróidh an páirtí atá ag éileamh rúndachta leagan neamhrúnda d'aon fhaisnéis, gan ach bearta atá comhréireach go hiomlán a chur i bhfeidhm, amhail codanna sonracha de dhoiciméid a fholú. Na húdaráis mhaoirseachta a bhfuil baint acu le cás, chomh maith le húdaráis ábhartha eile faoi Airteagal 7(1a), beidh rochtain acu i gcónaí ar an leagan rúnda den fhaisnéis ar fad, agus deimhneoidh siad go bhfuil na nithe folaithe sin go hiomlán comhréireach agus féadfaidh siad an fhaisnéis a scaoileadh murach sin. Cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta na páirtithe ar an eolas láithreach go bhfuil an fhaisnéis á coinneáil siar. Coinneoidh an príomhúdarás maoirseachta taifid ar gach rochtain ar an gcáschomhad comhpháirteach agus liosta de na baill foirne údaraithe ó gach údarás maoirseachta.

Or. en

Réasúnú

"... dlí náisiúnta nós imeachta" I gcomhréir leis an moladh foclaíochta ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. "go mbeidh rochtain i gcónaí ar an leagan rúnda" ó EDPB mír 68.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 b – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4) Ar mhaithe le nósanna imeachta éifeachtúla, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta teorainn le fad na n-aighneachtaí agus socróidh siad sprioc-amanna réasúnacha nach faide ná ceithre seachtaine, mura rud é go n-éilítear síneadh réasúnta de bharr imthosca eisceachtúla.

Or. en

Réasúnú

Déanann gnólachtaí móra dli, de chuid cuideachtaí móra teicneolaíochta, iarracht cásanna a "phlúchadh" le haighneachtaí gan srian, nach bhfuil SAs ná na páirtithe eile in ann a phróiseáil. Ba cheart don Rialachán cur chuige CBAE a leanúint i gcás ina mbíonn aighneachtaí spriocdhírithe mar thoradh ar theorainneacha leathanach agus sprioc-amanna gearra.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – teideal (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2c
	Comhar idir údaráis mhaoirseachta

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an cás a struchtúrú, a chomhordú agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil caoithiúil, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, leis an Rialachán seo agus le haon dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme, agus áiritheoidh sé go ndéanfar Rialachán (AE) 2016/679 a fhorfheidhmiú go hiomlán.

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2. Bainisteoidh an príomhúdarás maoirseachta gach cás i gcomhar iomlán leis na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann, agus comhlíonfaidh sé aon iarraidh ó údarás maoirseachta faoin Rialachán seo agus faoi Airteagail 60 go 62 de Rialachán (AE) 2016/679. Féadfaidh aon údarás maoirseachta a dhearbhú go bhfuil sé i gceist agus go bhfuil sé rannpháirteach sa chás ón bpointe sin ar aghaidh. Coinneoidh an príomhúdarás maoirseachta liosta de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann do gach cás sa chomhad cáis chomhpháirtigh.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Aon údarás maoirseachta a gheobhaidh faisnéis ábhartha le haghaidh cáis, cuirfidh sé ar fáil don phríomhúdarás maoirseachta í gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón lá a fuair sé an fhaisnéis sin.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4. Féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta cásanna a chomhcheangal agus a scaradh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta, sa mhéid nach ndéanann sé sin dochar do chearta na bpáirtithe.

Or. en

Réasúnú

Tríd is tríd, d'áiritheofaí deimhneacht dhlíthiúil leis an rogha seo, go háirithe i mBallstáit nach bhfuil aon dlí nós imeachta iontu.

EDPB , mír 50.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 5 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5. Áireoidh an príomhúdarás maoirseachta gach doiciméad, aighneacht, meamram agus faisnéis eile maidir leis an gcás i gcáschomhad comhpháirteach gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná seachtain amháin ón lá a fuair an príomhúdarás maoirseachta an fhaisnéis sin. Beidh cianrochtain láithreach ag aon údarás maoirseachta eile agus ag an mBord ar chomhad an cháis chomhpháirtigh.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 6 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6. I gcás ina dtagann tuairimí éagsúla chun cinn nó ina bhfuiltear ag súil leo, mar shampla nuair a mheastar cás a bheith conspóideach faoi Airteagal 9, tionscnóidh an príomhúdarás maoirseachta malartú láithreach leis na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann agus é mar aidhm aige teacht ar chomhthoil luath nó ar réimsí cúnga easaontais. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta imscrúdú ar fhíorais atá ábhartha do thuairimí éagsúla.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 7 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7. Bainfidh údaráis mhaoirseachta úsáid as a gcumhachtaí faoin Rialachán seo agus faoi Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2016/679 mura féidir tuairimí éagsúla a shárú nó i gcás neamhghníomhaíocht údaráis mhaoirseachta eile.

Or. en

Réasúnú

Dualgas gníomhach gníomh a dhéanamh faoi Airteagail 60 go 66 RGCS nuair nach gcomhlíonann SA eile a dhualgais maidir le comhar. Seachas sin, fágtar páirtithe i ngalar na gcás.

EDPB , mír 120.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 c – mír 8 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8. Cuirfear na doiciméid uile i scríbhinn ó na húdaráis mhaoirseachta ar fáil trí mheán leictreonach agus i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus inrochtana go héasca, agus teanga shoiléir shimplí á húsáid.

Or. en

Réasúnú

Tógtar an prionsabal maidir le doiciméid ghearra, bheachta, thrédhearcacha (...) a úsáid as dualgais éagsúla le haghaidh CSAnna sa togra agus ardaítear é go prionsabal ginearálta (atá infheidhme freisin maidir leis an LSA). Tógadh an téacs ó Airteagal 12 GDPR

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – teideal (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 2d
	Úsáid Teangacha agus Aistriúcháin

Or. en

Réasúnú

Aistríodh an leagan leasaithe d'Airteagal 6 anseo, chun a áirithiú go bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le haistriúcháin maidir le haon chineál nós imeachta, ní hamháin maidir le nósanna imeachta gearáin.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1. Cinnfidh an Bord teanga amháin a nglacfaidh na húdaráis mhaoirseachta uile léi le linn an nós imeachta comhair ("teanga an chomhair").

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2. Nuair a roinneann údarás maoirseachta faisnéis ábhartha le húdarás maoirseachta eile, soláthróidh sé aistriúchán i dteanga an chomhair nó i dteanga ar bith eile a nglacann an t-údarás maoirseachta glactha léi.

Or. en

Réasúnú

Cinntíonn "aon teanga eile" go roinntear an fhaisnéis a luaithe a bheidh sí ar fáil. Níor mhór fós an fhaisnéis a aistriú go teanga an chomhair, a luaithe a chuirfear isteach sa cháschomhad comhpháirteach í.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 3 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3. Cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta iontrálacha ar fáil sa cháschomhad comhpháirteach sa bhunteanga, agus cuirfidh sé aistriúcháin ar fáil sa teanga chomhair.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 4 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4. In aon idirghníomhaíocht dhíreach leis na páirtithe, cuirfidh na húdaráis mhaoirseachta faisnéis ar fáil do pháirtithe sa bhunteanga agus, más gá, aistriúchán go teanga an dlí nós imeachta náisiúnta, nó go haon teanga eile a thuigeann an páirtí nó a úsáideann sé ina ghnáthchumarsáid sheachtrach.

Or. en

Réasúnú

Féach an riail chéanna in Airteagal 12 de Rialachán 2020/1784, an Rialachán maidir le doiciméid a sheirbheáil.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 5 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5. Féadfaidh údarás maoirseachta aistriúcháin uathoibrithe a chur ar fáil, má dheimhníonn siad nach bhfuil difríocht shuntasach idir an t-aistriúchán agus an leagan bunaidh.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart an cleachtas atá ann cheana maidir le haistriúcháin uathoibrithe a rialáil, trí dheimhniú a éileamh go bhfuil an t-ábhar ceart (ag an gcroílár).

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 d – mír 6 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6. I gcás ina gcomhdófar leigheas breithiúnach i gcoinne údarás maoirseachta, cuirfidh an t-údarás maoirseachta comhad an cháis chomhpháirtigh agus aon fhaisnéis ábhartha eile ar fáil i dteanga a ghlacann breithiúna Bhallstát na dlínse.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil II – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gearáin a chur isteach agus a láimhseáil	Gearáin ***agus nósanna imeachta ex officio***

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le gearán ar bhonn Rialachán (AE) 2016/679 a bhaineann le próiseáil trasteorann, soláthrófar an fhaisnéis a cheanglaítear san Fhoirm, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn. Ní cheanglófar aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil chun go mbeidh an gearán inghlactha.	1. Gearán a d'fhéadfadh a bheith faoi réir Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679, comhlíonfaidh sé ceanglais an dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme maidir leis an údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis agus soláthróidh sé an íosmhéid faisnéise seo a leanas: ***(a) ainm, seoladh agus aon sonraí teagmhála eile atá ar fáil de chuid an ghearánaigh,***

(b) más eol é, ainm, seoladh agus aon sonraí teagmhála eile de chuid an pháirtí atá faoi imscrúdú,

(c) fíorais an cháis agus aon fhianaise atá ar fáil don ghearánach,

(d) na bearta a éilíonn an gearánach ón údarás maoirseachta.

Ní cheanglófar aon fhaisnéis bhreise a chur ar fáil chun go mbeidh an gearán inghlactha. Go háirithe, ní cheanglófar ar ghearánaigh úsáid a bhaint as córas aitheantais leictreonach náisiúnta nó córas ríomhrialtais náisiúnta chun an gearán a chur isteach.

Or. en

Réasúnú

In ionad foirm éigeantach, ba cheart íoscheanglais a bheith ann chun a áirithiú gur féidir leis an LSA an gearán a phróiseáil. Aithnímid ceanglais bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann faoin dlí náisiúnta agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí uile cáis ar eolas ag ábhar sonraí i gcásanna áirithe. EDPB , mír 23. Ní cheanglófar ar ghearánaigh aitheantas leictreonach náisiúnta a úsáid chun srian míchuí ar an mbealach chun gearán a chur isteach a chosc i gcásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh an t-ábhar sonraí ar an eolas an mbaineann an cás le próiseáil trasteorann, agus chun an Rialachán a ailíniú le haithris 141 RGCS.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ní cheanglófar ar an ngearánach dul i dteagmháil leis an bpáirtí atá faoi imscrúdú sula dtíolacfaidh sé gearán chun go mbeidh an gearán inghlactha.

Or. en

Réasúnú

Chun cosc a chur ar dhiúltú míchuí do ghearáin mar a thugtar faoi deara i gcleachtas DPAnna éagsúla.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Admhóidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh gearán leis, laistigh de sheachtain amháin, go bhfuarthas an gearán, agus i gcás nach gcomhlíonann gearán na ceanglais de bhun mhír 1, dearbhóidh sé go bhfuil an gearán neamh-inghlactha agus cuirfidh sé an gearánach ar an eolas faoin bhfaisnéis atá in easnamh.

Or. en

Réasúnú

Bogtha suas ó mhír 6, chun ord na n-imeachtaí a leanúint.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Sannfaidh an t-údarás maoirseachta cás-uimhir don ghearán, ainmneoidh sé láimhseálaí cáis agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl don ghearánach. Beidh sé sin gan dochar don mheasúnú ar inghlacthacht an ghearáin de bhun mhír 2(c)(i).

Or. en

Réasúnú

Cumarsáid a éascú idir an CSA lena dtaisctear an gearán agus an gearánach.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán a shuíomh an mbaineann an gearán le próiseáil trasteorann.	2. Laistigh de thrí seachtaine tar éis dó an gearán a fháil, déanfaidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis an méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Na céimeanna i míreanna 2 go 4 a chomhcheangal i mír amháin chun a áirithiú go mbeidh na céimeanna uile faoin spriocdháta trí seachtaine. Tá na trí seachtaine comhthreomhar le hAirteagal 56(3) den GDPR, agus bogadh anseo é ó dheireadh na míre, chun a shoiléiriú go ndéanfar gach rud laistigh de thrí seachtaine. Foclaíocht bhreise ó mholtaí an EDPB.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) inghlacthacht an ghearáin a chinneadh,

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) a shuíomh, trí réamhchonclúid, an mbaineann an gearán le próiseáil trasteorann,

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) a shuíomh cén t-údarás maoirseachta a thoimhdítear gurb é an príomhúdarás maoirseachta é faoi Airteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679, agus an de chineál áitiúil an cás de bhun Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679,

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d) achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a dhréachtú, agus

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e) cibé acu

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(i) an gearán a tharchur chuig an bpríomhúdarás maoirseachta toimhdithe faoi Airteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus an gearánach a chur ar an eolas faoi sin. Beidh an measúnú ar inghlacthacht an ghearáin ag an údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis ina cheangal ar an bpríomhúdarás maoirseachta;

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú a sholáthar maidir le haitheantas frithpháirteach do ghearáin. EDPB , mír 24.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe ii (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ii) an gearán a láimhseáil faoi Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679; nó

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e – pointe iii (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iii) an gearánach a chur ar an eolas gur féidir leis nó léi an gearán a chur isteach arís, agus aon fhaisnéis atá in

easnamh a ainmniú.

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an gearán a sholáthar láithreach don pháirtí atá á imscrúdú agus iarrfaidh sé freagra gan moill mhíchuí, ach tráth nach déanaí ná trí seachtaine ón lá a chuir an t-údarás maoirseachta lena mbaineann ar an eolas é.

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Déanfaidh na páirtithe nó an príomhúdarás maoirseachta toimhdithe aon agóid maidir le hinniúlacht an phríomhúdaráis mhaoirseachta thoimhdithe nó maidir le láimhseáil gearáin faoi Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679 laistigh de thrí seachtaine tar éis dóibh a bheith curtha ar an eolas faoi tharchur an ghearáin chuig an bpríomhúdarás maoirseachta toimhdithe nó maidir le heaspa tarchur den sórt sin.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. I gcás ina ndéanfar agóid faoi mhír 2b, féadfaidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis tarchur an ghearáin a tharraingt siar agus a inniúlacht féin a ghlacadh chuige féin faoi Airteagal 55 nó Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2016/679 nó é a aistriú chuig príomhúdarás maoirseachta toimhdithe laistigh de choicís. Mura ndéanfar aon cheann de na gníomhaíochtaí sin, iarrfaidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis cinneadh ón mBord faoi Airteagal 26a.

Or. en

Réasúnú

Bainteach le hAirteagal 26a

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3– mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán iomláine na faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm a chinneadh laistigh de mhí amháin.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cumaiscthe le mír 2.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tar éis measúnú a dhéanamh ar iomláine na faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm, déanfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearán a tharchur chuig an bpríomhúdarás maoirseachta.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cumaiscthe le mír 2.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina maíonn an gearánach go bhfuil sé faoi rún agus gearán á chur isteach aige, déanfaidh an gearánach leagan neamhrúnda den ghearán a thíolacadh freisin.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

A chumhdaítear leis an riail chothrománach nua maidir le rúndacht in Airteagal 2b(3).

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Admhóidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh gearán go bhfuarthas an gearán laistigh de sheachtain amháin. Beidh an admháil sin gan dochar don mheasúnú ar inghlacthacht an ghearáin de bhun mhír 3.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Bogtha suas go dtí mír 1a, chun ord croineolaíoch na n-imeachtaí a leanúint.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gearáin a imscrúdú	Gearáin a ***láimhseáil***

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus measúnú á dhéanamh aige ar a mhéid is iomchuí gearán a imscrúdú i ngach cás, cuirfidh an t-údarás maoirseachta na himthosca ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:	Agus measúnú á dhéanamh ar a mhéid is cuí ar cheart gearán a imscrúdú i ngach cás déanfaidh an phríomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas a áirithiú:

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a thapúla atá sé leigheas éifeachtach agus tráthúil a chur ar fáil don ghearánach;	(a) leigheas éifeachtach agus tráthúil a chur ar fáil don ghearánach;

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tromchúis an tsáraithe líomhnaithe;	(b) imscrúdú ar na heilimintí fíorasacha agus dlíthiúla uile is gá chun an gearán a chinneadh go comhpháirteach agus chun cinneadh a eisiúint faoi Airteagal 60(7) go (9) de Rialachán (AE) 2016/679

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cineál sistéamach nó atriallach an tsáraithe líomhnaithe.	(c) imscrúdú ar aon eilimintí eile is gá chun Rialachán (AE) 2016/679 a fhorfheidhmiú go héifeachtúil, lena n-áirítear feidhmiú ex officio cumhachtaí de bhun Airteagal 58(2), Airteagal 83 nó Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe i gcás sáruithe sistéamacha nó atriallacha.

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Is é an toradh a bheidh ar ghearán a láimhseáil i gcónaí cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá faoi réir leigheas éifeachtach dlí faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Ní mór cinneadh inachomhairc a bheith mar thoradh ar gach gearán. Cuirfidh sé sin cosc ar chásanna ina ndéantar gearáin "a dhúnadh" gan cinneadh inachomhairc a dhéanamh. Is ó Airteagal 78(2) RGCS a thagann "gearáin a láimhseáil" agus cinntíonn sé go gcomhlíontar spriocdhátaí.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 b – an chuid réamhráiteach (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná naoi mí ón ngearán a fháil.
	Féadfar an tréimhse sin a fhadú go heisceachtúil leis na tréimhsí ama seo a leanas:

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 b – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) ocht seachtaine nuair a thíolactar barúlacha faoi Airteagal 9(3) i gcoinne achoimre ar na príomh-shaincheisteanna nó achoimre nuashonraithe ar na príomh-shaincheisteanna;

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 b – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) an tréimhse ama idir tagairt faoi Airteagal 26a agus an cinneadh ón mBord;

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagal 26a.

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 b – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) tréimhse aon fhadaithe a cheadaíonn an Bord faoi Airteagal 26a(3).

Or. en

Réasúnú

Nasctha le hAirteagal 26a.

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní bheidh feidhm ag mír 1b a luaithe a chuirfear cás faoi bhráid an tsásra comhsheasmhachta i gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfar gearán a réiteach trí shocrú cairdiúil idir an gearánach agus na páirtithe atá faoi imscrúdú. I gcás ina measfaidh an t-údarás maoirseachta gur thángthas ar shocrú cairdiúil ar an ngearán, cuirfidh sé an socrú atá beartaithe in iúl don ghearánach. Mura ndéanfaidh an gearánach agóid i gcoinne an tsocraithe chairdiúil a mhol an t-údarás maoirseachta laistigh de mhí amháin, measfar an gearán a bheith tarraingthe siar.	***1.*** Ní fhéadfar gearán a réiteach trí réiteach cairdiúil ach amháin i gcás ina mbaineann sé le cearta na n-ábhar sonraí agus i gcás nach bhfuil an phróiseáil a bhaineann leis an ngearán á déanamh a thuilleadh nuair a réitítear an díospóid trí réiteach cairdiúil.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 32. Féach freisin Treoirlínte 06/2022 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le socruithe cairdiúla.

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Measfar gur thángthas ar shocrú cairdiúil idir an gearánach agus an páirtí atá faoi imscrúdú i gcás ina mbeidh comhaontú sainráite ann. Féadfaidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis réiteach cairdiúil den sórt sin a éascú le linn na céime ullmhúcháin; féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta é a éascú nuair a bheidh gearán tarchurtha chuige. I gcás ina dtiocfar ar réiteach cairdiúil ar an ngearán, cuirfidh na páirtithe an socrú in iúl don údarás maoirseachta, agus measfar go bhfuil an gearán tarraingthe siar.

Or. en

Réasúnú

EDPB alt 33, soiléiriú a bhfuil SA i gceannas air. Cinntíonn cumarsáid chomhpháirteach ó na páirtithe gur saorthoil an ghearánaigh í.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Níl an t-údarás maoirseachta faoi cheangal ag an socrú cairdiúil. Osclóidh sé go háirithe imscrúdú ex officio ina ionad sin, i gcás
	(a) gur athchiontóir an páirtí atá faoi imscrúdú,
	(b) go raibh an páirtí atá faoi imscrúdú ina ábhar do líon mór socruithe cairdiúla eile,
	(c) baineann ábhar leathan an ghearáin le líon mór ábhar sonraí seachas an gearánach; nó

(d) is fada nó gur de chineál tromchúiseach é iarmhairt na próiseála a ndearnadh an gearán ina leith.

Or. en

Réasúnú

De ghnáth, féachtar ar réiteach díospóide idir dhá pháirtí mar chonradh idir na páirtithe sin, seachas gníomh idir páirtí agus údarás. EDPB , mír 32.

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5a
	Iarraidh ar nós imeachta ex officio
	1. Féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta nós imeachta ex officio a oscailt tráth ar bith.
	2. I gcás ina measann sé go bhféadfar Rialachán (AE) 2016/679 a shárú, féadfaidh aon údarás maoirseachta lena mbaineann nós imeachta ex officio a iarraidh trí iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phríomhúdaráis mhaoirseachta. Beidh na nithe seo a leanas ar a laghad in iarraidh den sórt sin:
	(a) dearbhú gur údarás maoirseachta lena mbaineann é;
	(b) aon fhianaise ar an sárú;
	(c) achoimre ar na príomh-shaincheisteanna de bhun Airteagal 9;
	3. Laistigh de thrí seachtaine, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta toimhdithe:
	(a) an t-údarás maoirseachta lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil nós imeachta ex officio oscailte aige;

(b) an t-údarás maoirseachta lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil feidhm ag Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis an gcás agus nach bhfuil sé beartaithe ag an bpríomhúdarás maoirseachta é féin an cás a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 56(3) de Rialachán (AE) 2016/679; nó

(c) an iarraidh a dhiúltú, má tá sé den tuairim nach é an príomhúdarás maoirseachta é nó nach bhfuil aon sárú ar Rialachán (AE) 2016/679.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, féadfaidh an t-údarás maoirseachta lena mbaineann dréachtchinneadh a chur faoi bhráid an phríomhúdaráis mhaoirseachta de bhun Airteagal 56(4) de Rialachán (AE) 2016/679

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo, féadfaidh an t-údarás maoirseachta lena mbaineann iarraidh leasaithe ar nós imeachta ex officio a chur isteach arís, nó cinneadh a iarraidh maidir le hoscailt an nós imeachta ag an mBord faoi Airteagal 26a(1).

Or. en

Réasúnú

Spriocdháta de thrí seachtaine i mír 3 ó Airteagal 56 RGCS.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 6	***scriosta***
Aistriúcháin	
1. Beidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán freagrach as an méid seo a leanas:	

(a) gearáin agus tuairimí gearánach a aistriú go teanga an phríomhúdaráis maoirseachta chun críocha an imscrúdaithe;

(b) doiciméid arna soláthar ag an bpríomhúdarás maoirseachta a aistriú go teanga na cumarsáide leis an ngearánach, i gcás inar gá na doiciméid sin a chur ar fáil don ghearánach de bhun an Rialacháin seo nó de bhun Rialacháin (AE) 2016/679.

2. Ina rialacha nós imeachta, cinnfidh an Bord an nós imeachta chun barúlacha nó agóidí ábhartha réasúnaithe arna gcur in iúl ag údaráis mhaoirseachta lena mbaineann a aistriú i dteanga seachas an teanga a úsáideann an príomhúdarás maoirseachta chun críocha an imscrúdaithe.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe go hAirteagal 2a, mar ní hamháin go mbaineann ábhar na n-aistriúchán le nósanna imeachta gearáin ach le haon chineál comhair.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhar idir údaráis mhaoirseachta	Comhar idir údaráis mhaoirseachta ***agus idir údaráis mhaoirseachta agus údaráis ábhartha eile***

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta a ndícheall an fhaisnéis a fhaightear i gcomhthéacs na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur in iúl do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus do na húdaráis mhaoirseachta de chuid an Aontais atá inniúil i réimsí eile, lena n-áirítear údaráis iomaíochta, údaráis seirbhísí airgeadais, údaráis fuinnimh, údaráis teileachumarsáide agus údaráis cosanta tomhaltóirí, i gcás ina meastar an fhaisnéis a bheith ábhartha do chúraimí agus do dhualgais na n-údarás sin.

Or. en

Réasúnú

Ag aithint go bhféadfadh imscrúdú ar sháruithe i réimse na cosanta sonraí fianaise a sholáthar maidir le sáruithe i réimsí eile. Is éileamh é sin ó go leor eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta.

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Baineann na forálacha sa roinn seo leis an gcaidreamh idir údaráis mhaoirseachta agus níl siad ceaptha cearta a thabhairt do dhaoine aonair ná do na páirtithe atá faoi imscrúdú.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Mura féidir leis na páirtithe éileamh a dhéanamh i gcúirteanna náisiúnta maidir leis an easpa comhair, d'fhágfadh sé sin go mbeadh Airteagal 78 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí neamhéifeachtúil dá mbeadh an "fadhb" le haghaidh cinneadh atá in easnamh bunaithe ar an easpa comhair agus nach féidir leis na páirtithe dul i ngleic leis.

EDPB , mír 29.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta faoin imscrúdú agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta eile lena mbaineann a luaithe is a bheidh sí ar fáil agus a luaithe is féidir.	1. Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta cianrochtain láithreach, neamhshrianta agus leanúnach do na húdaráis mhaoirseachta eile, agus don Bhord, ar an gcáschomhad iomlán comhpháirteach, agus áireoidh sé sa cháschomhad comhpháirteach aon doiciméid, aighneachtaí, cumarsáid, prótacail, fianaise, nó faisnéis eile a bhaineann leis an gcás, laistigh de sheachtain amháin tar éis é a thabhairt ar aird nó a fháil.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis ábhartha de réir bhrí Airteagal 60(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme:	2. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta faisnéis ábhartha de réir bhrí Airteagal 60(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 a sholáthar go gníomhach do na húdaráis mhaoirseachta eile agus don Bhord, laistigh de sheachtain amháin tar éis dó í a fháil nó a tháirgeadh. Cumhdóidh an fhaisnéis sin faisnéis maidir le mórchéimeanna sa nós imeachta, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme:

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) faisnéis maidir le himscrúdú a oscailt ar shárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679;	(a) faisnéis maidir le himscrúdú ***ex officio nó nós imeachta gearán*** a oscailt;

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) achoimre ar phríomh-shaincheisteanna in imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 9;	(e) an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a eisiúint nó a thabhairt cothrom le dáta in imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 9;

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(e a) aon bharúlacha maidir le hachoimre ar na príomh-shaincheisteanna i gcomhréir le hAirteagal 9(3);

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) faisnéis a bhaineann le céimeanna arb é is aidhm dóibh sárú ar Rialachán (AE) 2016/679 a shuíomh sula n-ullmhaítear réamhthorthaí;	(f) faisnéis maidir le céimeanna arb é is aidhm dóibh sárú ar Rialachán (AE) 2016/679 a shuí sula n-ullmhaítear na réamhchinntí agus sula n-ullmhaítear an dréachtchinneadh;

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) freagairt na bpáirtithe atá faoi imscrúdú ar na réamhthorthaí;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tar éis gur scrioadh Airteagal 15.

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) tuairimí an ghearánaigh ar na réamhthorthaí;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tar éis gur scrioadh Airteagal 15.

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) i gcás ina ndiúltófar do ghearán, aighneachtaí i scríbhinn ón ngearánach;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tar éis gur scrioadh Airteagal 15.

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) aon bhearta ábhartha a dhéanfaidh an príomhúdarás maoirseachta tar éis freagra na bpáirtithe atá faoi imscrúdú a fháil ar na réamhthorthaí agus sula gcuirfear dréachtchinneadh isteach de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tar éis gur scrioadh Airteagal 15.

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe k a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(k a) aon dréachtchinneadh i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 nó dréachtchinneadh athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe k b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(k b) aon agóidí ábhartha agus réasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe k c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(k c) aon leigheas breithiúnach a thugtar le linn nós imeachta faoi Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2016/679 nó in aghaidh cinneadh faoi Airteagal 60(7) go (9) de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. A luaithe a bheidh réamhthuairim ag an bpríomhúdarás maoirseachta ar na príomh-shaincheisteanna in imscrúdú, dréachtóidh sé achoimre ar phríomh-shaincheisteanna chun críche comhair faoi Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2016/679.	1. Ag tús aon cháis, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, nó i gcás ina n-aistreofar cás ó údarás maoirseachta eile, déanfaidh an t-údarás sin, achoimre a dhréachtú ar na príomh-shaincheisteanna gur dócha gur gá a chinneadh, chun críche comhair faoi Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) 2016/679. ***Déanfar an achoimre a dhréachtú ar bhealach neamhchlaonta, agus aon fhíorais agus argóintí éagsúla á gcur san áireamh.***

Or. en

Réasúnú

Faoi Airteagal 3(2), ba cheart don CSA a fhaigheann gearán achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a dhréachtú, mar is é is fearr a thuigfidh an imní atá ar an ábhar sonraí agus atá faoi dhlínse achomhairc i gcás ina ndiúltaítear do ghearán. EDPB , mír 50.

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na príomhfhíorais ábhartha;	(a) na fíorais ábhartha;

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) réamh-shainaithint raon feidhme an imscrúdaithe, go háirithe forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a dhéanfar a imscrúdú;	(b) réamh-shainaithint raon feidhme an imscrúdaithe, go háirithe forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe, agus léiriú má

dhealraíonn sé go ndearnadh sárú orthu;

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) measúnuithe casta dlí agus teicneolaíocha a shainaithint atá ábhartha maidir le réamhthreoshuíomh a measúnaithe;	(c) measúnuithe dlí agus teicneolaíocha a shainaithint atá ábhartha maidir le réamhthreoshuíomh a measúnaithe;

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 52.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) i gcás inarb infheidhme, cásdlí Eorpach, chomh maith le treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtais arna n-eisiúint ag an mBord, lena gcinnfí an t-ábhar, agus léiriú an bhfuil sé beartaithe ag an údarás maoirseachta iad a leanúint;

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a thabhairt cothrom le dáta gan moill mhíchuí chun aon athruithe ábhartha a thagann chun cinn le linn an nós imeachta a léiriú.

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha a thabhairt maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna. Ní mór na barúlacha sin a chur ar fáil laistigh de 4 seachtaine ón achoimre ar phríomh-shaincheisteanna a fháil.	3. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha a thabhairt maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna. Ní mór na barúlacha sin a chur ar fáil laistigh de 4 seachtaine ón achoimre ar phríomh-shaincheisteanna nó aon nuashonrú a fháil.

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Leis na barúlacha a chuirfear ar fáil de bhun mhír 3, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:	***scriosta***
(a) go bhfuil an teanga a úsáidtear sách soiléir agus go bhfuil téarmaí beachta inti chun go bhféadfaidh an príomhúdarás maoirseachta, agus, de réir mar a bheidh, na húdaráis mhaoirseachta	

lena mbaineann, a seasaimh a ullmhú;

(b) leagtar amach argóintí dlíthiúla go gonta agus iad grúpáilte trí thagairt don chuid den achoimre ar phríomh-shaincheisteanna lena mbaineann siad;

(c) féadfar tacú le barúlacha an údaráis mhaoirseachta lena mbaineann le doiciméid, a d'fhéadfadh cur leis na barúlacha maidir le pointí sonracha.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe chuig foráil chothrománach maidir le gach cumarsáid in Airteagal 2c(8).

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh an Bord srianta ar fhad uasta na mbarúlacha arna dtíolacadh ag údaráis mhaoirseachta lena mbaineann maidir leis an achoimre ar phríomh-shaincheisteanna a shonrú ina rialacha nós imeachta.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 54. (Is féidir é seo a shonrú cheana féin i Rialacha Nós Imeachta EDPB ar aon nós).

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcásanna nár chuir aon cheann de	6. Measfar gur cásanna

na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha ar fáil faoi mhír 3 den Airteagal seo, measfar gur cásanna neamhchonspóideacha iad. I gcásanna den sórt sin, cuirfear na réamhthorthaí dá dtagraítear in Airteagal 14 in iúl do na páirtithe laistigh de 9 mí ó dhul in éag an spriocdháta dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.	neamhchonspóideacha iad cásanna nár thug aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann barúlacha ina leith faoi mhír 3 den Airteagal seo, agus i gcás ina léiríonn an t-údarás maoirseachta go bhfuil rún aige cásdlí Eorpach a leanúint, chomh maith leis na treoirlínte, na moltaí agus na dea-chleachtais dá dtagraítear i mír 2(ca). I gcásanna den sórt sin, cuirfear na réamhthorthaí dá dtagraítear in Airteagal 14 in iúl do na páirtithe laistigh de ***3*** mhí ó dhul in éag an spriocdháta dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.

Or. en

Réasúnú

3 mhí is gá sprioc-amanna níos giorra a bheith ann chun cinntí a dhéanamh go tapa i gcásanna neamhchonspóideacha.

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh údarás maoirseachta lena mbaineann iarraidh faoi bhráid an phríomhúdaráis maoirseachta faoi Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2016/679, nó an dá rud, i gcás, tar éis barúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann de bhun Airteagal 9(3) a fháil, nach n-aontaíonn údarás maoirseachta lena mbaineann le measúnú an phríomhúdaráis maoirseachta maidir leis an méid seo a leanas:* ***(a) raon feidhme an imscrúdaithe i gcásanna atá bunaithe ar ghearáin, lena n-áirítear forálacha Rialachán (AE) 2016/679 lena mbaineann an sárú líomhnaithe a dhéanfar a imscrúdú;	***scriosta***

(b) réamhthreoshuíomh i ndáil le measúnuithe casta dlí arna sainaithint ag an bpríomhúdarás maoirseachta de bhun Airteagal 9(2), pointe (c);

(c) réamhthreoshuíomh i ndáil le measúnuithe casta teicneolaíocha arna sainaithint ag an bpríomhúdarás maoirseachta de bhun Airteagal 9(2), pointe (c).

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe anois le forálacha cothrománacha in Airteagal 2c nua.

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an iarraidh faoi mhír 1 laistigh de 2 mhí ó dhul in éag na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 9(3).	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe anois le forálacha cothrománacha in Airteagal 2c nua.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Más rud é, in imscrúdú atá bunaithe ar ghearáin, nach bhfuil aon chomhthoil idir an príomhúdarás maoirseachta agus údarás maoirseachta amháin nó níos mó lena mbaineann maidir leis an ábhar dá	4. I gcás nach mbeidh aon chomhthoil idir an príomhúdarás maoirseachta agus údarás maoirseachta amháin nó níos mó lena mbaineann maidir leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 9(2), féadfaidh an

dtagraítear in Airteagal 9(2), pointe (b) den Rialachán seo, iarrfaidh an príomhúdarás maoirseachta cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679. ***Sa chás sin, toimhdeofar go bhfuil na coinníollacha maidir le cinneadh ceangailteach práinneach a iarraidh faoi Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679 á gcomhlíonadh.***	príomhúdarás maoirseachta nó an t-údarás maoirseachta lena mbaineann cinneadh nós imeachta a iarraidh de bhun Airteagal 26a(1).

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Agus cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord á iarraidh aige de bhun mhír 4 den Airteagal seo, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta an méid seo a leanas ar fáil:	5. Agus cinneadh ceangailteach práinneach ón mBord á iarraidh aige de bhun mhír 4 den Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás maoirseachta an méid seo a leanas ar fáil:

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 9(2), pointí (a) agus (b);	(a) an ***fhaisnéis ábhartha*** dá dtagraítear in Airteagal 9(2);

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) barúlacha an údaráis mhaoirseachta lena mbaineann nach n-aontaíonn le réamh-shainaithint an phríomhúdaráis maoirseachta ar raon feidhme an imscrúdaithe.	(b) barúlacha an údaráis mhaoirseachta lena mbaineann nach n-aontaíonn le réamh-shainaithint an phríomhúdaráis maoirseachta ar an ábhar dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Glacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach práinneach maidir le raon feidhme an imscrúdaithe ar bhonn bharúlacha na n-údarás maoirseachta lena mbaineann agus ar bhonn sheasamh an phríomhúdaráis maoirseachta maidir leis na barúlacha sin.	6. Glacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach práinneach maidir leis an achoimre ar na príomh-shaincheisteanna, i gcomhréir le hAirteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2016/679, ar bhonn na ndoiciméad uile a gheofar.

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil III – Roinn 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ROINN 2	***scriosta***
Diúltú iomlán nó páirteach do ghearáin	

Airteagal 11

Éisteacht an ghearánaigh sula ndiúltófar go hiomlán nó go páirteach do ghearán

1. I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 10, soláthróidh an príomhúdarás maoirseachta don údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán na cúiseanna lena réamhthuairim gur cheart diúltú go hiomlán nó go páirteach don ghearán.

2. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearánach ar an eolas faoi na cúiseanna atá le diúltú iomlán nó páirteach don ghearán agus socróidh sé teorainn ama faoina bhféadfaidh an gearánach a thuairimí a chur in iúl i scríbhinn. Ní bheidh an teorainn ama níos lú ná 3 seachtaine. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearánach ar an eolas faoi iarmhairtí na mainneachtana a thuairimí a chur in iúl.

3. Mura gcuireann an gearánach a thuairimí in iúl laistigh den teorainn ama arna leagan síos ag an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, measfar an gearán a bheith tarraingthe siar.

4. Féadfaidh an gearánach rochtain a iarraidh ar an leagan neamhrúnda de na doiciméid ar a bhfuil an diúltú beartaithe don ghearán bunaithe.

5. Má chuireann an gearánach a thuairimí in iúl laistigh den teorainn ama arna leagan síos ag an údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán agus mura n-eascraíonn athrú ar an réamhthuairim gur cheart diúltú go hiomlán nó go páirteach don ghearán as na tuairimí, ullmhóidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an dréachtchinneadh faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 a chuirfidh an príomhúdarás maoirseachta faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 12

Dréachtchinneadh athbhreithnithe lena ndiúltaítear gearán go hiomlán nó go páirteach

1. I gcás ina measann an príomhúdarás maoirseachta go n-ardaíonn an dréachtchinneadh athbhreithnithe de réir bhrí Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 eilimintí ar cheart an deis a bheith ag an ngearánach a thuairimí a chur in iúl ina leith, tabharfaidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán, sula dtíolacfar an dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, deis don ghearánach a thuairimí a chur in iúl maidir leis na heilimintí nua sin.

2. Socróidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán teorainn ama faoina bhféadfaidh an gearánach a thuairimí a chur in iúl.

Or. en

Réasúnú

Cumhdaithe le hAirteagal 14 anois.

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 13	***scriosta***
Cinneadh lena ndiúltaítear gearán go hiomlán nó go páirteach	
Agus cinneadh lena ndiúltaítear gearán go hiomlán nó go páirteach á ghlacadh aige i gcomhréir le hAirteagal 60(8) de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an gearánach ar an eolas faoin leigheas breithiúnach atá ar fáil dó i gcomhréir le hAirteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679.	

Or. en

Réasúnú

Aistrithe go hAirteagal 16(1)(f) chun a áirithiú go cothrománach go gcuirfear gach páirtí ar an eolas faoi roghanna maidir le leigheas breithiúnach.

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Roinn 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cinntí atá dírithe ar rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe	Cinntí atá dírithe ar ***pháirtithe atá faoi imscrúdú***

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Nuair a bheidh sé ar intinn ag an bpríomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann a chinneann go ndearnadh sárú ar Rialachán (AE) 2016/679, dréachtóidh sé réamhthorthaí.	1. Tar éis na gcomhairliúchán agus na nósanna imeachta faoi Airteagail 9 agus 10 den Rialachán seo, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an bpríomhúdarás maoirseachta dréachtchinneadh a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta eile lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679, dréachtóidh sé réamhthorthaí.

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear i láthair sna réamhthorthaí líomhaintí a ardaíodh ar bhealach uileghabhálach agus soiléir go leor chun a chur ar chumas na bpáirtithe atá faoi imscrúdú aird a thabhairt ar an iompar arna imscrúdú ag an bpríomhúdarás maoirseachta. Go háirithe, ní mór dóibh na fíorais uile agus an measúnú dlíthiúil iomlán a ardaíodh i gcoinne na bpáirtithe atá faoi imscrúdú a leagan amach go soiléir, ionas gur féidir leo a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na fíorais agus na conclúidí dlíthiúla a bhfuil sé ar intinn ag an bpríomhúdarás maoirseachta feidhm a bhaint astu sa dréachtchinneadh de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679, agus an fhianaise ar fad ar a bhfuil sé ag brath a liostú.	Cuirfear i láthair sna réamhthorthaí líomhaintí a ardaíodh ar bhealach uileghabhálach agus soiléir go leor chun a chur ar chumas na bpáirtithe aird a thabhairt ar an iompar arna imscrúdú ag an bpríomhúdarás maoirseachta. Go háirithe, leagfaidh siad amach go soiléir na fíorais uile agus an measúnú dlíthiúil iomlán a ardaíodh i gcoinne na bpáirtithe atá faoi imscrúdú, ionas gur féidir leis na páirtithe a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na fíorais agus na conclúidí dlíthiúla a bhfuil sé ar intinn ag an bpríomhúdarás maoirseachta a tharraingt orthu sa dréachtchinneadh de réir bhrí Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679, agus an fhianaise ar fad a bhfuil sé ag brath uirthi a liostú.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 135

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Léireofar sna réamhthorthaí bearta ceartaitheacha a bheartaíonn an príomhúdarás maoirseachta a úsáid.	Léireofar sna réamhthorthaí na bearta ceartaitheacha a ndearna an príomhúdarás maoirseachta a mheas.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 135

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an bpríomhúdarás maoirseachta fíneáil a fhorchur, liostóidh sé sna réamhthorthaí na heilimintí ábhartha ar a bhfuil sé ag brath agus an fhíneáil á ríomh. Go háirithe, liostóidh an príomhúdarás maoirseachta na fíorais agus na hábhair dlí fhíor-riachtanacha a bhféadfadh forchur na fíneála agus na n-eilimintí a liostaítear in Airteagal 83(2) de Rialachán (AE) 2016/679 a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha a chuirfidh sé san áireamh.	I gcás ina measfaidh an príomhúdarás maoirseachta fíneáil a fhorchur, liostóidh sé sna réamhthorthaí na heilimintí ábhartha d'fhíorais agus den dlí, arb eol dó iad, agus a bhfuil sé beartaithe aige brath orthu agus cinneadh á dhéanamh aige an ngearrfar fíneáil riaracháin agus an fhíneáil á ríomh, ag féachaint do na heilimintí a liostaítear in Airteagal 83(2) de Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha a chuirfidh sé san áireamh.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 135

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta fógra faoi réamhthorthaí do gach ceann de na páirtithe atá faoi imscrúdú.	3. Tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta fógra faoi réamhthorthaí do gach ceann de na páirtithe.

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, agus na réamhthorthaí á gcur in iúl aige do na páirtithe atá faoi imscrúdú, teorainn ama a leagan síos ar laistigh di a fhéadfaidh na páirtithe sin a dtuairimí a thabhairt i scríbhinn. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpríomhúdarás maoirseachta tuairimí i scríbhinn a fhaightear tar éis dhul in éag na teorann ama sin a chur san áireamh.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cuirtear an riail chothrománach in Airteagal 2b(4) ina ionad.

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Agus na réamhthorthaí á gcur in iúl do na páirtithe atá faoi imscrúdú, tabharfaidh an príomhúdarás maoirseachta rochtain do na páirtithe sin ar an gcomhad riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 20.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cuirtear riail chothrománach in Airteagal 2b(1)(c) ina ionad.

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh na páirtithe atá faoi imscrúdú, ina bhfreagra i scríbhinn ar réamhthorthaí, na fíorais agus na hargóintí dlíthiúla ar fad atá ar eolas acu agus atá ábhartha dá gcosaint i gcoinne líomhaintí an phríomhúdaráis maoirseachta a leagan amach. Cuirfidh siad i gceangal aon doiciméad ábhartha mar chruthúnas ar na fíorais a leagtar amach. Ní dhéileálfaidh an príomhúdarás maoirseachta, ina dhréachtchinneadh, ach amháin le líomhaintí, lena n-áirítear na fíorais agus an measúnú dlíthiúil bunaithe ar na fíorais sin, ar tugadh deis do na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a thabhairt ina leith.	6. Féadfaidh na páirtithe, ina bhfreagra i scríbhinn ar réamhthorthaí, na fíorais agus na hargóintí dlíthiúla ar fad atá ar eolas acu agus atá ábhartha dá gcosaint i gcoinne líomhaintí an phríomhúdaráis maoirseachta a leagan amach. Cuirfidh siad i gceangal aon doiciméad ábhartha mar chruthúnas ar na fíorais a leagtar amach. Ní dhéileálfaidh an príomhúdarás maoirseachta, ina dhréachtchinneadh, ach amháin le líomhaintí, lena n-áirítear na fíorais agus an measúnú dlíthiúil bunaithe ar na fíorais sin, ar tugadh deis do na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a thabhairt ina leith.

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 15	***scriosta***
Na réamhthorthaí a tharchur chuig gearánaigh	
1. I gcás ina n-eiseoidh an príomhúdarás maoirseachta réamhthorthaí a bhaineann le hábhar a bhfuil gearán faighte aige ina leith, cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán leagan neamhrúnda de na réamhthorthaí ar fáil don ghearánach agus socróidh sé teorainn ama faoina bhféadfaidh an gearánach a thuairimí a chur in iúl i scríbhinn.	

2. Beidh feidhm ag mír 1 freisin nuair a dhéileálann údarás maoirseachta, i gcás inarb iomchuí, le roinnt gearán go comhpháirteach, nuair a scoilteann sé na gearáin i gcodanna éagsúla nó nuair a fheidhmíonn sé a lánrogha ar bhealach ar bith eile maidir le raon feidhme an imscrúdaithe mar atá leagtha amach sna réamhthorthaí.

3. I gcás ina measann an príomhúdarás maoirseachta gur gá doiciméid atá sa chomhad riaracháin a chur ar fáil don ghearánach ionas gur féidir leis an ngearánach a thuairimí ar na réamhchinntí a chur in iúl go héifeachtach, cuirfidh an t-údarás maoirseachta lenar taisceadh an gearán an leagan neamhrúnda de na doiciméid sin ar fáil don ghearánach agus na réamhchinntí á gcur ar fáil aige de bhun mhír 1.

4. Ní chuirfear an leagan neamhrúnda de na réamhthorthaí ar fáil don ghearánach ach amháin chun críche an imscrúdaithe nithiúil inar eisíodh na réamhthorthaí.

5. Sula bhfaighidh an gearánach an leagan neamhrúnda de na réamhthorthaí ná aon doiciméad eile a chuirfear ar fáil de bhun mhír 3, seolfaidh sé dearbhú rúndachta chuig an bpríomhúdarás maoirseachta, ina ngeallann an gearánach gan aon fhaisnéis ná aon mheasúnú a rinneadh sa leagan neamhrúnda de na réamhthorthaí a nochtadh nó na torthaí sin a úsáid chun críocha eile seachas an t-imscrúdú nithiúil inar eisíodh na torthaí sin.

Or. en

Réasúnú

Cumhdaítear anois é le hAirteagal 14, lena gceanglaítear, i bhfoirm leasaithe, réamhthorthaí a sheoladh chuig gach páirtí i gcás, lena n-áirítear gearánaigh.

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis dó an dréachtchinneadh a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta lena mbaineann de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 agus i gcás nach ndearna aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agóid i gcoinne an dréachtchinnidh laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 60(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/679, glacfaidh an príomhúdarás maoirseachta a chinneadh faoi Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus tabharfaidh sé fógra ina leith do phríomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair an rialaitheora nó an phróiseálaithe, de réir mar a bheidh, agus cuirfidh sé na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus an Bord ar an eolas faoin gcinneadh atá i gceist, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais agus na forais ábhartha.	Tar éis dó an dréachtchinneadh a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta lena mbaineann de bhun Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 agus i gcás nach ndearna aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agóid in aghaidh an dréachtchinnidh laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 60(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2016/679, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, laistigh de cheithre seachtaine ó dheireadh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 60(4) agus (5) de Rialachán 2016/679, a chinneadh faoi Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2016/679 a ghlacadh agus a chur in iúl do phríomhbhunaíocht nó do bhunaíocht aonair an rialaitheora nó an phróiseálaí, de réir mar a bheidh, agus cuirfidh sé na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus an Bord ar an eolas faoin gcinneadh atá i gceist, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais agus forais ábhartha.

Or. en

Réasúnú

Ceithre seachtaine ó Airteagal 60(4) agus (5) GDPR

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina mbeidh agóid déanta ag údarás maoirseachta lena mbaineann i gcoinne an dréachtchinnidh laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 60(4) de

Rialachán (AE) 2016/679, agus ina bhfuil sé ar intinn ag an bpríomhúdarás maoirseachta an agóid sin a dhéanamh, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, laistigh de cheithre seachtaine, dréachtchinneadh athbhreithnithe a thíolacadh de bhun Airteagal 60(5) den Rialachán sin.

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina mbeidh agóid déanta ag údarás maoirseachta lena mbaineann i gcoinne an dréachtchinnidh laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679, agus nach leanfaidh an príomhúdarás maoirseachta an agóid ábhartha réasúnaithe nó go bhfuil sé den tuairim nach bhfuil an agóid ábhartha ná réasúnaithe, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta an t-ábhar faoi bhráid an tsásra comhsheasmhachta dá dtagraítear in Airteagal 63, i gcomhréir le hAirteagal 60(4) den Rialachán sin, laistigh de cheithre seachtaine.

Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Gan dochar do cheanglais bhreise faoin dlí náisiúnta, déanfar aon

dréachtchinneadh nó aon chinneadh críochnaitheach faoi Airteagal 60(3), (5) nó (7) go (9) de Rialachán (AE) 2016/679 a eisiúint i scríbhinn, i bhfoirm ghearr, bheacht, thrédhearcach, intuigthe agus i dteanga shoiléir shimplí. Dréachtófar é ar bhealach neamhchlaonta, agus aon fhianaise agus tuairimí éagsúla ó na páirtithe á gcur san áireamh, agus beidh na gnéithe seo a leanas ar a laghad ann:

(a) ainm an údaráis mhaoirseachta a d'eisigh an cinneadh;

(b) dáta eisiúna an chinnidh;

(c) achoimre neamhchlaonta ar fhíorais ábhartha an cháis agus ar a bhfoinse;

(d) na forais dlí leis an gcinneadh;

(e) na cumhachtaí ceartaitheacha, na pionóis nó na bearta eile a fheidhmítear; agus

(f) faisnéis faoin gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi aon dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme.

Or. en

Réasúnú

Pointe (f) aistrithe anseo ó Airteagal 13. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil do na páirtithe uile.

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	I gcás ina mbeidh an cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí le heisiúint ag an údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis i gcomhréir le hAirteagal 60(8) nó (9) de Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh an príomhúdarás

maoirseachta go mbeidh na heilimintí uile is gá sa chinneadh faoi dhlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme an údaráis mhaoirseachta lena mbaineann. Tabharfaidh an t-údarás maoirseachta lena mbaineann, ar taisceadh an gearán leis, cúnamh don phríomhúdarás maoirseachta agus an cinneadh á dhréachtú ar an gcaoi sin.

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar do na páirtithe faoi Airteagal 60(7) go (9) de Rialachán (AE) 2016/679 cóip den chinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí.

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Foilseoidh na húdaráis mhaoirseachta gach cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí a eisíonn siad gan moill mhíchuí, ach tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis a nglactha, mura rud é nach n-imíonn siad go hábhartha ó chinntí a foilsíodh roimhe sin. I gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta is infheidhme, féadfaidh údaráis mhaoirseachta faisnéis a fholú a d'fhéadfadh a cheadú páirtithe a shainaithint, agus faisnéis eile atá cosanta faoin dlí is infheidhme a fholú.

Or. en

Réasúnú

Cleachtas seanbhunaithe i bhformhór na mBallstát, féach GDPRhub.eu:- Foilsíonn an Spáinn gach rud. Ní fhoilsíonn formhór na dtíortha ach cinntí nua nó ábhartha (is é sin an togra anseo). Ní fhoilsíonn an Ghearmáin ná an Rómáin aon rud (seachas preaseisiúint áirithe).

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 17	***scriosta***
An ceart éisteacht a fháil i ndáil leis an dréachtchinneadh athbhreithnithe	
1. I gcás ina measann an príomhúdarás maoirseachta go n-ardaíonn an dréachtchinneadh athbhreithnithe de réir bhrí Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679 eilimintí ar cheart an deis a bheith ag na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl ina leith, déanfaidh an príomhúdarás maoirseachta, sula dtíolacfar an dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi Airteagal 60(5) de Rialachán (AE) 2016/679, deis a thabhairt do na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na heilimintí nua sin.	
2. Socróidh an príomhúdarás maoirseachta teorainn ama ar laistigh di a fhéadfaidh na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl.	

Or. en

Réasúnú

Cuirtear Airteagal 2b(1)(b) in ionad an Airteagail seo, lena soiléirítear nach mór éisteacht a thabhairt do na páirtithe maidir le saincheisteanna nua nár cuireadh ar a n-aire (“Überraschungsverbot”). Ní gá éisteacht leis na páirtithe maidir leis an dréachtchinneadh ina iomláine.

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) beidh siad bunaithe go heisiach ar eilimintí fíorasacha a áirítear sa dréachtchinneadh; ***agus***	(a) beidh siad bunaithe ar ghnéithe fíorasacha a áirítear sa dréachtchinneadh, nó sa cháschomhad comhpháirteach nó ar aon fhianaise bhreise a thíolacfar in éineacht leis an agóid ábhartha réasúnaithe;

Or. en

Réasúnú

Leis an teorannú chun é sin a bhunú ar an méid a chuir an LSA sa dréachtchinneadh, agus ar an méid sin amháin, is féidir an toradh a chúbláil trí dhíriú ar eilimintí áirithe amháin. Ba cheart go mbeadh an cáschomhad iomlán ar a laghad ann, go hidéalach freisin fianaise a d'fhéadfadh a bheith ar iarraidh ó LSA. EDPB míreanna 92- 96

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) gan raon feidhme na líomhaintí a athrú trí phointí a ardú arb ionann iad agus líomhaintí breise maidir le sárú ar Rialachán (AE) 2016/679 a shainaithint nó trí chineál intreach na líomhaintí a ardaítear a athrú.	(b) gan raon feidhme an cháis mar a shainítear tríd an leagan is déanaí den achoimre ar na príomh-shaincheisteanna a athrú; ***agus***

Or. en

Réasúnú

Bunaithe ar mholtaí foclaíochta an EDPB.

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) na gnéithe den dréachtchinneadh is ceart a athrú a shainaithint go soiléir, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, foclaíocht bheacht an athraithe atá beartaithe nó tuairisc atá beacht go leor ar an athrú atá beartaithe ar an dréachtchinneadh.

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ní rachaidh fad gach agóide ábhartha réasúnaithe agus seasamh an phríomhúdaráis maoirseachta maidir le haon agóid den sórt sin thar thrí leathanach agus ní bheidh iarscríbhinní san áireamh iontu. I gcásanna a bhaineann le saincheisteanna dlíthiúla atá thar a bheith casta, féadfar an fad uasta a mhéadú go sé leathanach, ach amháin má ghlacann an Bord le himthosca sonracha a thugann údar le fad níos faide;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tugtar isteach an dualgas doiciméid ghonta a bheith ann mar phrionsabal ginearálta in Airteagal 2c(8), a bhfuil feidhm aige freisin maidir le hagóidí ábhartha agus réasúnaithe. Tá sé ró-chúng é a theorannú go 3 leathanach nó 6 leathanach ar a mhéad. EDPB mír 97

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil IV – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Caibidil IV	***(scriosta)***
Rochtain ar an gcomhad riaracháin agus faisnéis rúnda a láimhseáil	

Or. en

Réasúnú

Cuirtear Airteagal 2b in ionad na Caibidle iomláine.

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 19	***scriosta***
Ábhar an chomhaid riaracháin	
1. Is éard atá sa chomhad riaracháin in imscrúdú a bhaineann le sárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679 na doiciméid uile a fuarthas, a táirgeadh agus/nó a cuireadh le chéile ag an bpríomhúdarás maoirseachta le linn an imscrúdaithe.	
2. Le linn imscrúdú a dhéanamh ar shárú líomhnaithe ar Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh an príomhúdarás maoirseachta doiciméid a thabhairt ar ais don pháirtí óna bhfuarthas iad, ar doiciméid iad nach mbaineann le hábhar an imscrúdaithe tar éis scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh orthu. Tar éis iad a chur ar ais, ní bheidh na doiciméid sin mar chuid den chomhad riaracháin a thuilleadh.	
3. Ní áireofar leis an gceart rochtana	

ar an gcomhad riaracháin comhfhreagras ná malartú tuairimí idir an príomhúdarás maoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann. Is doiciméid inmheánacha iad an fhaisnéis a mhalartaítear idir na húdaráis mhaoirseachta chun críche imscrúdú a dhéanamh ar chás aonair agus ní bheidh rochtain ag na páirtithe atá faoi imscrúdú ná ag an ngearánach uirthi.

4. Tabharfar rochtain ar agóidí ábhartha réasúnaithe de bhun Airteagal 60(4) de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhréir le hAirteagal 24.

Or. en

Réasúnú

Cuireadh Airteagal 2b(3) ina ionad. Gabhann an sainmhíniú ar "plé inmheánach" in Airteagal 2(1f) le mír 3.

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 20	***scriosta***
Rochtain ar an gcomhad riaracháin agus úsáid doiciméad	
1. Deonóidh an príomhúdarás maoirseachta rochtain ar an gcomhad riaracháin do na páirtithe atá faoi imscrúdú, rud a chuirfidh ar a gcumas a gceart chun éisteacht a fháil a fheidhmiú. Tabharfar rochtain ar an gcomhad riaracháin tar éis don phríomhúdarás maoirseachta na réamhthorthaí a chur in iúl do na páirtithe atá faoi imscrúdú.	
2. Áireofar sa chomhad riaracháin gach doiciméad, inchoiritheach agus saorthach, lena n-áirítear fíorais agus doiciméid is eol do na páirtithe atá faoi	

imscrúdú.

3. Ní fhéadfaidh conclúidí an phríomhúdaráis maoirseachta sa dréachtchinneadh faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (AE) 2016/679 agus sa chinneadh críochnaitheach faoi Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2016/679 brath ach ar dhoiciméid a luaitear sna réamhthorthaí nó a raibh deis ag na páirtithe atá faoi imscrúdú a dtuairimí a chur in iúl ina leith.

4. Ní úsáidfear doiciméid a fhaightear trí rochtain ar an gcomhad riaracháin de bhun an Airteagail seo ach amháin chun críocha imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin chun Rialachán (AE) 2016/679 a chur i bhfeidhm sa chás sonrach dár soláthraíodh na doiciméid sin.

Or. en

Réasúnú

Cuirtear Airteagal 2b in ionad na Caibidle ina hiomláine. Tá fadhbanna ar leith ag baint le mír 4, ós rud é nár cheart cosc a chur ar údaráis mhaoirseachta úsáid a bhaint as faisnéis a fhaightear in aon nós imeachta amháin chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i nósanna imeachta eile agus i bhfiosrúcháin ex officio. EDPB mír 79.

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Cuireadh Airteagal 2b(3) ina ionad.

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tarchur chuig réiteach díospóidí faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679	Tarchur chuig réiteach díospóidí faoi Airteagal ***65(1)(a)*** de Rialachán (AE) 2016/679

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Mura leanann an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí ábhartha réasúnaithe nó má tá sé den tuairim nach bhfuil na hagóidí ábhartha ná réasúnaithe, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an tsásra um réiteach díospóidí a leagtar amach in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679.	1. Mura leanann an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí ábhartha réasúnaithe nó má tá sé den tuairim nach bhfuil na hagóidí ábhartha ná réasúnaithe, cuirfidh sé an t-ábhar faoi bhráid an tsásra um réiteach díospóidí a leagtar amach in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679, laistigh de cheithre seachtaine tar éis dó na hagóidí ábhartha agus réasúnaithe uile a fháil.

Or. en

Réasúnú

I gcásanna áirithe, ghlac LSAanna bliain chun RROnna a chur faoi bhráid an Bhoird.

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Agus an t-ábhar á tharchur chuig réiteach díospóidí, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta gach ceann de na doiciméid seo a leanas ar fáil don Bhord:	2. Agus an t-ábhar á tharchur chuig réiteach díospóidí, cuirfidh an príomhúdarás maoirseachta gach ceann de na nithe seo a leanas ar fáil don Bhord:

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) achoimre ar phríomh-shaincheisteanna;

Or. en

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) achoimre ar na fíorais ábhartha;	(b) achoimre ar na fíorais ábhartha, lena n-áirítear tuairisc ar na gníomhaíochtaí próiseála, tuairisc ar eagraíocht na cuideachta agus tuairisc ar an áit ina ndéantar cinntí;

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 108

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tuairim a dhéanfaidh na páirtithe atá faoi imscrúdú i scríbhinn, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagail 14 agus 17;	(d) tuairim arna thabhairt i scríbhinn ag na páirtithe, de bhun Airteagal ***15***;

Or. en

Réasúnú

Arna ailíniú le hAirteagal 15 leasaithe agus níos leithne.

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tuairimí a dhéanann gearánaigh i scríbhinn, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagail 11, 12 agus 15;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Arna ailíniú le hAirteagal 15 leasaithe agus níos leithne, féach pointe leasaithe (d).

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) na hagóidí ábhartha réasúnaithe nár lean an príomhúdarás maoirseachta;	(f) na hagóidí ábhartha agus réasúnaithe nár lean an príomhúdarás maoirseachta iad, agus na hagóidí ar dhiúltaigh an príomhúdarás maoirseachta dóibh toisc nach raibh siad ábhartha ná

réasúnaithe;

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) na cúiseanna ar a mbonn nár lean an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí ábhartha réasúnaithe nó inar mheas sé nach raibh na hagóidí ábhartha ná réasúnaithe.	(g) na cúiseanna ar a mbonn nár lean an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí nó inar mheas sé nach raibh na hagóidí ábhartha ná réasúnaithe;

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB, chun ailíniú le (f).

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(g) rochtain ar an gcáschomhad comhpháirteach.

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Laistigh de 4 seachtaine tar éis dó na doiciméid atá liostaithe i mír 2 a fháil, sainaithneoidh an Bord agóidí ábhartha réasúnaithe a coinníodh.	3. Cláróidh an Bord ábhar le cur faoi bhráid an tsásra um réiteach díospóidí laistigh de dhá sheachtain tar éis dó na doiciméid a liostaítear i mír 2 a fháil nó iarrfaidh sé ath-thíolacadh ina n-áireofar aon fhaisnéis atá in easnamh laistigh de sheachtain eile. ***Agus an aighneacht á clárú aige, déanfaidh an Bord na díospóidí idir na húdaráis mhaoirseachta atá mar raon feidhme an nós imeachta os comhair an Bhoird a liostú agus a struchtúrú, agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta iad láithreach.***

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann, laistigh de dhá sheachtain tar éis an aighneacht a bheith curtha ar fáil dóibh de bhun mhír 3, aon fhaisnéis ábhartha atá acu maidir leis an gcás sin a thíolacadh, lena n-áirítear fíorais agus doiciméadacht atá mar bhonn lena n-agóid, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 108.

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 b. Ciallóidh "tarchur an ábhair" de bhun Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 an tráth a bheidh na doiciméid uile dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar fáil agus aistrithe.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 101.

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 c. An toirmeasc dá bhforáiltear in Airteagal 65(4) de Rialachán (AE) 2016/679 le haghaidh údaráis mhaoirseachta chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an ábhar a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le linn na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 65(3) den Rialachán sin, beidh feidhm aige freisin le linn na dtréimhsí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 23	***scriosta***
Clárú i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679	
Cláróidh Cathaoirleach an Bhoird ábhar a tharchur chuig réiteach díospóidí faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679 tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis gach ceann de na doiciméid seo a leanas a fháil:	
(a) an dréachtchinneadh nó an dréachtchinneadh athbhreithnithe faoi réir na n-agóidí ábhartha réasúnaithe;	
(b) achoimre ar na fíorais ábhartha;	
(c) tuairim a dhéanfaidh na páirtithe atá faoi imscrúdú i scríbhinn, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagail 14 agus 17;	
(d) tuairimí a dhéanann gearánaigh i scríbhinn, de réir mar a bheidh, de bhun Airteagail 11, 12 agus 15;	
(e) na hagóidí ábhartha réasúnaithe a coinníodh;	
(f) na cúiseanna ar a mbonn nár lean an príomhúdarás maoirseachta na hagóidí ábhartha réasúnaithe a coinníodh.	

Or. en

Réasúnú

Clúdaithe faoi Airteagal 22(2) agus (3) anois.

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 24	***scriosta***
Ráiteas ar chúiseanna sula nglacfar an cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679	
1. Sula nglacfaidh sé an cinneadh ceangailteach de bhun Airteagal 65(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2016/679, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird, tríd an bpríomhúdarás maoirseachta, ráiteas ar chúiseanna a sholáthar do na páirtithe atá faoi imscrúdú agus/nó, i gcás gearán a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach, don ghearánach, ina míneofar an réasúnú a bheartaíonn an Bord a ghlacadh ina chinneadh. I gcás ina bheartaíonn an Bord cinneadh ceangailteach a ghlacadh lena gceanglófar ar an bpríomhúdarás maoirseachta a dhréachtchinneadh nó a dhréachtchinneadh athbhreithnithe a leasú, cinnfidh an Bord ar cheart na hagóidí ábhartha réasúnaithe a coinníodh agus ar a mbonn a bheartaíonn an Bord a chinneadh a ghlacadh a bheith ag gabháil leis an ráiteas ar chúiseanna sin.	
2. Beidh seachtain amháin ag na páirtithe atá faoi imscrúdú agus/nó, i gcás gearán a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach, ag an ngearánach, ón dáta a bhfaighfear an ráiteas ar chúiseanna dá dtagraítear i mír 1 chun a dtuairimí a chur in iúl.	
3. Déanfar an spriocdháta i mír 2 a fhadú seachtain amháin i gcás ina gcuirfidh an Bord síneadh ama leis an tréimhse chun an cinneadh ceangailteach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679.	
4. Maidir leis an tréimhse chun cinneadh ceangailteach an Bhoird dá bhforáiltear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 a ghlacadh, ní bheidh sí ar bun le linn na dtréimhsí dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3.	

Or. en

Réasúnú

EDPB míreanna 143-153. Ní shainmhínítear "Ráiteas ar Chúiseanna", agus leis an nós imeachta ar fad bheadh ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí trí chinneadh a dhéanamh in am an-teoranta, féach mír 150. Dá bhrí sin moltar in EDPB mír 153 Airteagal 24 a scriosadh.

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 24a
	Iarraidh ar fhaisnéis ón mBord
	1. I gcásanna nach mbeidh an Bord in ann an t-ábhar a chinneadh ar shlí eile, féadfaidh sé tuilleadh faisnéise a iarraidh ar na páirtithe nó ar na húdaráis mhaoirseachta, nó féadfaidh sé imscrúduithe fíorasacha breise a dhéanamh.
	2. Cuirtear síneadh ama leis na sprioc-amanna in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2016/679 ar feadh ré an nós imeachta faoi mhír 1, ach ar feadh tréimhse nach faide ná mí amháin.

Or. en

Réasúnú

Togra ó MECS an nós imeachta anásta in Airteagal 24 a ionadú.

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 25	***scriosta***
An nós imeachta i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/679	
1. Agus ábhar á tharchur chuig an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (b), de Rialachán 2016/679, déanfaidh an t-údarás maoirseachta a tharchuireann an t-ábhar maidir le hinniúlacht na príomhbhunaíochta gach ceann de na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil don Bhord:	
(a) achoimre ar na fíorais ábhartha;	
(b) measúnú ar na fíorais sin a mhéid a bhaineann le coinníollacha Airteagal 56(1) de Rialachán (AE) 2016/679;	
(c) tuairimí an rialaitheora nó an phróiseálaí arb í a phríomhbhunaíocht is ábhar don tarchur;	
(d) tuairimí údarás maoirseachta eile lena mbaineann an tarchur;	
(e) aon doiciméad nó faisnéis eile a mheasann an t-údarás maoirseachta a dhéanann an tarchur a bheith ábhartha agus riachtanach chun teacht ar réiteach ar an ábhar.	
2. Cláróidh Cathaoirleach an Bhoird an tarchur tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a fháil.	

Or. en

Réasúnú

Dúbláil le hAirteagal 22(2).

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 26	***scriosta***
An nós imeachta i ndáil le cinneadh faoi Airteagal 65(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/679	
1. Agus ábhar á tharchur chuig an mBord faoi Airteagal 65(1), pointe (c), de Rialachán 2016/679, cuirfidh an t-údarás maoirseachta a dhéanann an tarchur nó an Coimisiún gach ceann de na doiciméid seo a leanas ar fáil don Bhord:	
(a) achoimre ar na fíorais ábhartha;	
(b) an tuairim, de réir mar a bheidh, arna heisiúint ag an mBord de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2016/679;	
(c) tuairimí an údaráis mhaoirseachta a tharchuireann an t-ábhar nó tuairimí an Choimisiúin i dtaobh, de réir mar a bheidh, an raibh sé de cheangal ar údarás maoirseachta an dréachtchinneadh a chur in iúl don Bhord de bhun Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/679, nó nár lean údarás maoirseachta tuairim ón mBord arna heisiúint de bhun Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2016/679.	
2. Iarrfaidh Cathaoirleach an Bhoird na doiciméid seo a leanas:	
(a) tuairimí an údaráis maoirseachta a líomhnaítear gur sháraigh sé an ceanglas maidir le dréachtchinneadh a chur in iúl don Bhord nó nár lean sé tuairim an Bhoird;	
(b) aon doiciméad nó faisnéis eile a mheasann an t-údarás maoirseachta a bheith ábhartha agus riachtanach chun teacht ar réiteach ar an ábhar.	
Má dhearbhaíonn aon údarás maoirseachta gur gá a thuairimí maidir leis an ábhar a tarchuireadh a chur isteach, cuirfidh sé na tuairimí sin isteach laistigh de choicís ón tarchur dá	

dtagraítear i mír 1.

3. Cláróidh Cathaoirleach an Bhoird an tarchur tráth nach déanaí ná seachtain amháin tar éis na doiciméid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a fháil.

Or. en

Réasúnú

Dúbailt le hAirteagal 22(2).

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 26a
	Cinntí nós imeachta ón mBord
	1. Gan dochar d'Airteagail 65 agus 66 de Rialachán (AE) 2016/679, féadfaidh údaráis mhaoirseachta a iarraidh ar an mBord cinneadh nós imeachta a dhéanamh maidir le haon díospóid a thagann chun cinn le linn nós imeachta comhair, lena n-áirítear an gcomhlíonann cás ceanglais Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2016/679.
	2. Féadfaidh páirtithe sa nós imeachta a iarraidh ar an mBord cinneadh a dhéanamh nuair nach measann aon údarás maoirseachta go bhfuil sé inniúil chun gearán a láimhseáil faoi Airteagal 55 nó 56 de Rialachán (AE) 2016/679 nó i gcásanna eisceachtúla nuair nach féidir le cás dul chun cinn a dhéanamh ar shlí eile, toisc gur léir go sáraíonn údarás maoirseachta a dhualgais faoi Rialachán (AE) 2016/679 nó faoin Rialachán seo.
	3. I gcás ina bhfuil an príomhúdarás maoirseachta den tuairim nach féidir leis an sprioc-am atá in Airteagal 4(1b) a chomhlíonadh, go háirithe mar gheall ar

an ngá atá le himscrúduithe fíorasacha atá thar a bheith casta, iarrfaidh sé ar an mBord síneadh suas le dhá mhí dhéag a chur leis. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta plean mionsonraithe isteach den imscrúdú lena léirítear go bhfuil fíorghá leis an síneadh atá á lorg d'ainneoin Airteagal 2c(1) a bheith á chomhlíonadh aige.

4. Déanfar iarrataí faoi mhír 2 agus faoi mhír 3 laistigh de dhá sheachtain ón tráth a sheachadfaidh údarás maoirseachta an cinneadh nós imeachta nó an diúltú agus ní mór na nithe seo a leanas, ar a laghad, a bheith sna hiarrataí sin:

(a) na fíorais ar a bhfuiltear ag brath agus aon fhianaise atá ar fáil don údarás nó don pháirtí;

(b) na forais dhlíthiúla atá leis an iarraidh;

(c) an cinneadh de bhun mhír 1 agus mhír 2 nó an fadú de bhun mhír 3 a iarrann an t-údarás nó an páirtí ar an mBord;

5. Laistigh de dhá sheachtain, cinnfidh an Bord an t-ábhar bunaithe ar an bhfaisnéis atá os a chomhair nó diúltóidh sé don iarratas mura gcomhlíonfar na ceanglais faoi mhír 1 go mír 4. Tá cinntí ceangailteach ar na húdaráis mhaoirseachta.

Or. en

Réasúnú

Chun cásanna "dúsháinnithe" a sheachaint, m.sh. i gcás nach féidir le SA teacht ar chomhaontú maidir le cé atá ina phríomhúdarás, etc. mír 108-111 den MECS.

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 26b
	Roghchoistí
	1. Féadfaidh an Bord roghchoiste amháin nó níos mó de thriúr comhaltaí nó níos mó a cheapadh, ar féidir leo a bheith mar chuid de na húdaráis mhaoirseachta nó den rúnaíocht faoi Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2016/679. Is é an Bord a chinneann sainordú gach ceann de na coistí. Comhlíonann Comhaltaí an Roghchoiste a gcúraimí faoi threoracha an Bhoird agus is é an Bord amháin a fhéadfaidh iad a urscaoileadh.
	2. Ina rialacha nós imeachta, féadfaidh an Bord aon chúraimí, amhail cinntí faoi Airteagal 26a, nó cúraimí eile atá dírithe ar chur chun feidhme comhchuibhithe Rialachán (AE) 2016/679 agus an Rialacháin seo ag na húdaráis mhaoirseachta a áirithiú, a ainmniú do na roghchoistí agus nósanna imeachta na roghchoistí a shonrú tuilleadh. Cuirfidh gach ceann de na coistí a dtorthaí faoi bhráid an Bhoird.

Or. en

Réasúnú

Chun ró-ualú ar an mBord le cásanna beaga a sheachaint, m.sh. doiciméid in easnamh srl.

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 26c
	An ceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcoinne údarás maoirseachta

1. Gan dochar do na leigheasanna atá ann cheana faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2016/679 agus d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach eile, beidh sé de cheart ag gach páirtí sa nós imeachta leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil:

(a) i gcás nach n-úsáidfidh an t-údarás maoirseachta ar taisceadh an gearán leis a chumhachtaí chun a áirithiú go ndéanfaidh údarás maoirseachta eile an nós imeachta a chur chun cinn;

(b) i gcás nach gcomhlíonann príomhúdarás maoirseachta spriocdhátaí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679 agus sa Rialachán seo; nó

(c) i gcás nach gcomhlíonann údarás maoirseachta cinneadh ceangailteach ón mBord.

2. Féadfaidh aon pháirtí sa nós imeachta nó comhlacht seachbhrabúsach faoi Airteagal 80(1) de Rialachán (AE) 2016/679 caingean a thionscnamh faoi mhír 1, pointe (c) go neamhspleách ar shárú ar chearta ábhair sonraí.

Or. en

Réasúnú

Chun cosc a chur ar chásanna a bheith dúsháinnithe nuair nach ngníomhaíonn údarás maoirseachta.

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar iarraidh ar thuairim phráinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679 tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh dhul in éag na mbeart sealadach arna nglacadh faoi	1. Déanfar iarraidh ar thuairim phráinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679 tráth nach déanaí ná trí seachtaine tar éis ghlacadh na mbeart sealadach arna

Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh gach ceann de na nithe seo a leanas inti:	nglacadh faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh gach ceann de na nithe seo a leanas inti:

Or. en

Réasúnú

Chun níos mó ama a thabhairt don EDPB, féach EDPB míreanna 124-125

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tuairisc ar an mbeart sealadach a glacadh ar a chríoch féin, fad an bhirt sin agus na cúiseanna lena ghlacadh, lena n-áirítear an bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;	(b) tuairisc ar an mbeart sealadach a glacadh ar chríoch Bhallstát an údaráis mhaoirseachta a d'iarr an tuairim, a fhad agus na cúiseanna lena glacadh, lena n-áirítear an t-údar leis an ngá práinneach atá le gníomhú chun cearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint;

Or. en

Réasúnú

Ailínithe le hAirteagal 28, féach EDPB mír 118.

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) bonn cirt leis an ngéarghá atá le bearta críochnaitheacha a ghlacadh ar chríoch Bhallstát an údaráis maoirseachta iarrthaigh, lena n-áirítear míniú ar chineál eisceachtúil na n-imthosca a éilíonn glacadh na mbeart lena mbaineann.	(c) bonn cirt leis an ngéarghá atá le bearta críochnaitheacha a ghlacadh, lena n-áirítear míniú ar chineál eisceachtúil na n-imthosca lena gceanglaítear go nglacfar na bearta lena mbaineann.

Or. en

Réasúnú

I gcúrsaí trasteorann, ní mór bearta comhleanúnacha a dhéanamh, seachas 27 gcinn éagsúla. EDPB mír 113.

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Díreofar tuairim phráinneach an Bhoird chuig an údarás maoirseachta a thíolaic an iarraidh. ***Beidh sé cosúil le tuairim de réir bhrí Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus cuirfidh sé ar chumas an údaráis iarrthaigh a bheart sealadach a choinneáil nó a leasú i gcomhréir le hoibleagáidí Airteagal 64(7) de Rialachán (AE) 2016/679.***	2. Díreofar tuairim phráinneach an Bhoird chuig na húdaráis mhaoirseachta uile.

Or. en

Réasúnú

I gcúrsaí trasteorann, ní mór bearta comhleanúnacha a dhéanamh, seachas 27 gcinn éagsúla. EDPB alt 113. "na húdaráis mhaoirseachta uile" mar atá i mír 121 de EDPB, toisc go bhfuil infheidhmeacht ghinearálta ag tuairimí EDPB. EDPB mír 119.

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cinntí práinneacha faoi Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679	Cinntí práinneacha ceangailteacha faoi Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679

Or. en

Réasúnú

Ailínithe le foclaíocht Airteagal 66(2) GDPR.

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar iarraidh ar chinneadh práinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679 tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh dhul in éag na mbeart sealadach arna nglacadh faoi Airteagail 61(8), 62(7), nó 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas san iarraidh sin:	1. Déanfar iarraidh ar chinneadh ceangailteach práinneach ón mBord de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679 tráth nach déanaí ná trí seachtaine tar éis ghlacadh na mbeart sealadach arna nglacadh faoi Airteagail 61(8), 62(7) nó 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas san iarraidh sin:

Or. en

Réasúnú

“ceangailteach” ailínithe le foclaíocht Airteagal 66(2) RGCS.

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an beart sealadach a glacadh ar chríoch Bhallstát an údaráis mhaoirseachta a d’iarr an cinneadh, fad an chinnidh sin agus na cúiseanna leis na bearta sealadacha a ghlacadh, go háirithe an bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;	(b) an beart sealadach a glacadh ar chríoch Bhallstát an údaráis mhaoirseachta a d’iarr an cinneadh, fad an chinnidh sin agus na cúiseanna gur glacadh é, go háirithe an bonn cirt leis an ngéarghá a bhaineann le gníomhú chun cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a chosaint;

Or. en

Réasúnú

Ailínithe le hAirteagal 27, féach EDPB mír 118.

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) faisnéis faoi aon bhearta imscrúdaitheacha a rinneadh ar a chríoch féin agus freagraí a fuarthas ó bhunaíocht áitiúil na bpáirtithe atá faoi imscrúdú nó aon fhaisnéis eile atá i seilbh an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh;	(c) faisnéis faoi aon bhearta imscrúdaitheacha a rinneadh ar a chríoch féin agus freagraí a fuarthas ó na páirtithe atá faoi imscrúdú nó aon fhaisnéis eile atá i seilbh an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh;

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 122

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) bonn cirt leis an ngéarghá atá le bearta críochnaitheacha a ghlacadh ar chríoch an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh, agus aird á tabhairt ar chineál eisceachtúil na n-imthosca lena gceanglaítear an beart críochnaitheach a ghlacadh, nó cruthúnas gur mhainnigh údarás maoirseachta freagra a thabhairt ar iarraidh faoi Airteagal 61(3) nó 62(2) de Rialachán (AE) 2016/679;	(d) bonn cirt maidir leis an ngéarghá atá le bearta críochnaitheacha a ghlacadh ar chríoch an údaráis mhaoirseachta iarrthaigh, agus aird á tabhairt ar chineál eisceachtúil na n-imthosca ar gá an beart críochnaitheach a ghlacadh ina leith, nó cruthúnas gur mhainnigh údarás maoirseachta an fhaisnéis a iarradh faoi Airteagal 61(5) de Rialachán (AE) 2016/679 a sholáthar nó nár thug sé freagra ar iarraidh faoi Airteagal 62(2) de Rialachán (AE) 2016/679;

Or. en

Réasúnú

Moladh foclaíochta ón EDPB.

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) i gcás inarb infheidhme, tuairimí bhunaíocht áitiúil na bpáirtithe atá faoi imscrúdú a ndearnadh bearta sealadacha ina leith de bhun Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679.	(f) i gcás inarb infheidhme, tuairimí na bpáirtithe.

Or. en

Réasúnú

Nuair is infheidhme, ba cheart éisteacht le gach páirtí, gearánaithe san áireamh. EDPB mír 128.

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Díreofar an cinneadh práinneach dá dtagraítear i mír 1 chuig an údarás maoirseachta a thíolaic an iarraidh agus cuirfidh sé ar chumas an údaráis iarrthaigh a bheart sealadach a choinneáil nó a leasú.	2. Díreofar an cinneadh práinneach ceangailteach dá dtagraítear i mír 1 chuig na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann agus sonrófar ann na húdaráis mhaoirseachta ar ghá dóibh bearta críochnaitheacha a ghlacadh, más infheidhme, i bhfianaise thuairim phráinneach nó chinneadh práinneach an Bhoird de bhun Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

“na húdaráis mhaoirseachta uile lena mbaineann” faoi mar atá i mír 121 de EDPB, mar sin tá feidhm aige i ngach áit ina ndéantar an phróiseáil trasteorann.

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina nglacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach práinneach lena léirítear gur cheart bearta críochnaitheacha a ghlacadh, glacfaidh an t-údarás maoirseachta ar a ndírítear an cinneadh bearta den sórt sin sula rachaidh na bearta sealadacha arna nglacadh faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 in éag.	3. I gcás ina nglacfaidh an Bord cinneadh ceangailteach práinneach lena léirítear gur cheart bearta críochnaitheacha a ghlacadh, glacfaidh an t-údarás maoirseachta bearta den sórt sin sula rachaidh na bearta sealadacha arna nglacadh faoi Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2016/679 in éag.

Or. en

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh an t-údarás maoirseachta a thíolaic an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 fógra faoina chinneadh maidir leis na bearta críochnaitheacha do bhunaíocht an rialaitheora nó an phróiseálaithe ar chríoch a Bhallstáit agus cuirfidh sé an Bord ar an eolas. I gcás nach é an príomhúdarás maoirseachta an t-údarás iarrthach, cuirfidh an t-údarás iarrthach an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas faoin mbeart críochnaitheach.	4. Tabharfaidh an t-údarás maoirseachta a thíolaic an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 fógra faoina chinneadh maidir leis na bearta críochnaitheacha don rialaitheoir nó don phróiseálaí agus cuirfidh sé an Bord ar an eolas. I gcás nach é an príomhúdarás maoirseachta an t-údarás iarrthach, cuirfidh an t-údarás iarrthach an príomhúdarás maoirseachta ar an eolas faoin mbeart críochnaitheach.

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 122

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 29	***scriosta***
Tús na dtréimhsí ama agus sainmhíniú ar an lá oibre	
1. Déanfar teorainneacha ama dá bhforáiltear nó arna socrú ag na húdaráis mhaoirseachta de bhun Rialachán (AE) 2016/679 a ríomh i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle[17] .	
2. Cuirfear tús le tréimhsí ama ar an lá oibre, tar éis an teagmhais dá dtagraíonn an fhoráil ábhartha de Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 nó den Rialachán seo.	

[17] Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

EDPB mír 191 - Tá feidhm ag Rialachán Uimh. 1182/71 ar aon nós.

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag Caibidlí III agus IV maidir le himscrúduithe ex officio a osclaítear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir le himscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin i gcás inar taisceadh an gearán tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.	Beidh feidhm ag Caibidlí I, II agus III maidir le himscrúduithe ex officio a osclaítear tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus maidir le himscrúduithe atá bunaithe ar ghearáin i gcás inar taisceadh an gearán tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Or. en

Réasúnú

Tar éis Airteagail nua a thabhairt isteach i gCaibidil I agus i gCaibidil II.

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag Caibidil V maidir leis na cásanna uile a chuirtear faoi bhráid réiteach díospóidí faoi Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/679 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.	Beidh feidhm ag Caibidil V agus ag Caibidil VI maidir le gach cás a thíolactar chun díospóidí a réiteach faoi Airteagal 65 agus nós imeachta práinne faoi Airteagal 66(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Or. en

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 30a
	Meastóireacht agus athbhreithniú
	Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus athbhreithniú ar an Rialachán seo

	mar chuid dá thuarascálacha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi Airteagal 97 de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Cé go bhféadfadh tuarascálacha breise a bheith iomarcach, ní mór meastóireacht ar fheidhmiú an Rialacháin seo a áireamh sna tuarascálacha ar RGCS. EDPB mír 190.

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Teacht i bhfeidhm	Teacht i bhfeidhm ***agus cur*** i bhfeidhm

Or. en

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
.	***Beidh feidhm aige ón ... [bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

Or. en

Réasúnú

Mír 192 EDPB — idirthréimhse le haghaidh coigeartuithe riachtanacha i rúnaíocht agus in uirlisí EDPB (IMI), DPAnna náisiúnta, agus b'fhéidir dlíthe náisiúnta.

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
[...]	***scriosta***

[18] Ba cheart an gearán a chomhlánú agus a chur isteach go leictreonach nó a chomhlánú agus a chur isteach chuig an údarás maoirseachta tríd an bpost.

[19] Mar shampla, pas, ceadúnas tiomána, aitheantas náisiúnta.

[20] I gcás ina bhfuil an gearán á thiolacadh ag comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart an fhaisnéis uile i bpointe 2 a sholáthar.

Or. en

Réasúnú

In ionad foirm éigeantach, ba cheart íoscheanglais a bheith ann chun a áirithiú gur féidir leis an LSA an gearán a phróiseáil.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réasúnú Gearr

Cúlra

Féachann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chomhchuibhiú i ndáil lena sonraí a phróiseáil agus le saorshreabhadh sonraí pearsanta idir na Ballstáit a áirithiú. Tá imní léirithe ag an bParlaimint san am a chuaigh thart maidir le "Forfheidhmiú neamhchothrom RGCS agus uaireanta nach ann dó ar chor ar bith, ag údaráis cosanta sonraí náisiúnta". Chuir sí i bhfios go láidir gur féidir le nósanna imeachta fada "éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar fhorfheidhmiú éifeachtach agus ar mhuinín na saoránach", agus, go háirithe i gcás gearán trasteorann, mhol sí "nós imeachta comhchoiteann riaracháin chun gearáin a láimhseáil" a bhunú chun forfheidhmiú a neartú.[1] Leis an togra ón gCoimisiún atá idir lámha, le haghaidh Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Forfheidhmithe RGCS (RGCS-EPR), moltar cásanna trasteorann go háirithe a éascú. Ina theannta sin, glacann sé le héilimh ó DPAnna náisiúnta nósanna imeachta trasteorann a shoiléiriú agus a chuíchóiriú, mar a leagtar amach i 'Ráiteas Vín'[2] an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí ó mhí Aibreáin 2022, 'Liosta Mianta'[3] EDPB ó mhí Dheireadh Fómhair 2022, rannchuidiú an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) ó mhí Aibreáin 2023[4], agus tuairim chomhpháirteach EDPB-EDPS maidir leis an togra ón gCoimisiún ó mhí Mheán Fómhair 2023[5].

Seasamh an Rapóirtéara

- Ba cheart go leanfadh na dlíthe náisiúnta nós imeachta d'fheidhm a bheith acu a mhéid nach bhfuil siad ag teacht salach ar RGCS-EPR, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go leanfaidh rialacha níos mionsonraithe amhail rialacha maidir le héisteachtaí ó bhéal de bheith bailí, agus nach n-íslítear caighdeáin náisiúnta nós imeachta.
- Comhdhlúthaítear agus leathnaítear sa tuarascáil na forálacha maidir le rialacha nós imeachta ginearálta i Roinn 2 nua i gCaibidil I chun go mbeidh feidhm ag an gceart chun éisteacht a fháil, aistriúcháin, rúndacht agus comhar dílis na n-údarás i gcónaí, ní hamháin i gcás gearán nó chun díospóidí a réiteach i measc na n-údarás.
- Déantar an ceart chun éisteacht a fháil a chuíchóiriú i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Chairt um dhea-riarachán, agus tá feidhm chomhionann aige maidir le gach páirtí i gcás.
- Tugtar isteach cáschomhad comhpháirteach, ina bhfuil an fhaisnéis uile a bhaineann le cás, agus lena gcuirtear ar fáil do na páirtithe agus do na húdaráis mhaoirseachta uile iad, rud a sheachnóidh cúl agus anall doiciméad agus a áiritheoidh go mbeidh an fhaisnéis chéanna, an fhaisnéis is reatha, ag gach páirtí agus údarás, agus go mbeidh plé inmheánach na n-údarás agus faisnéis rúnda fós faoi chosaint.
- I gcás ina nochtar faisnéis nua nó sáruithe nua le linn imscrúdaithe, is féidir raon

[1] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0111_EN.html
[2] https://edpb.europa.eu/system/files/2022-04/edpb_statement_20220428_on_enforcement_cooperation_en.pdf
[3] https://edpb.europa.eu/system/files/2022-10/edpb_letter_out2022-0069_to_the_eu_commission_on_procedural_aspects_en_0.pdf
[4] https://edps.europa.eu/system/files/2023-04/23-04-25_edps-contribution-procedural-rules-gdpr-enforcement_en.pdf
[5] https://edpb.europa.eu/system/files/2023-09/edpb_edps_jointopinion_202301_proceduralrules_ec_en.pdf

feidhme cáis a leathnú.

- Tá socraíochtaí cairdiúil teoranta do chásanna de chearta ábhar sonraí, a éilíonn comhaontú sainráite an ghearánaigh, ach ní chuireann siad cosc ar imscrúduithe ex-officio ar údarás maoirseachta maidir le sáruithe ar an RGCS ar scála níos mó.
- Soiléirítear spriocdhátaí agus róil agus dualgais faoi seach an phríomhúdaráis agus údarás maoirseachta eile, go háirithe maidir le nósanna imeachta chun cinneadh a dhréachtú, teacht ar chomhthoil, nó díospóidí a réiteach, lena n-áirítear cinntí nós imeachta ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.
- An ceart chun leigheasanna breithiúnacha i gcás nach ngníomhaíonn údarás maoirseachta inniúil.
- Leis an idirthréimhse aon bhliain amháin, ba cheart go bhféadfaí na hathruithe is gá a dhéanamh ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a úsáideann na húdaráis, agus ar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird, chomh maith le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhlíthe náisiúnta.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Déantar an liosta seo a leanas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú:

Duine (toiliú faighte go bhfoilseofar a ainm)	*Eintiteas*
Chiara Manfredi	Access Now
Fernando Hortal Foronda	Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí (BEUC)
Claudia Canelles Quaroni	CCIA
	DIGITALEUROPE
Francesco Bondi	DOT Europe
Diego Naranjo	EDRi
	FEDMA Federation of European Data and Marketing
Enrico Girotto	[Cónaidhm Sonraí agus Margaíochta na hEorpa]
Miglė Alenčikaitė (Blomeyer)	Google
Ines Talavera de la Esperanza	IAB Europe
	IAPP International Association of Privacy Professionals
Laura Pliauskaite	[Cumann Idirnáisiúnta na nGairmithe Príobháideachta]
Guillermo Ferrer Hernáez	An Chomhairle um Thionscal na Teicneolaíochta Faisnéise (ITI)
Dr Johnny Ryan FRHistS	Comhairle na hÉireann um Chearta an Duine
Max Schrems	NOYB None of Your Business
Clara Fecke	Rakuten